An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth

# Rialacha don Chlár Fóirdheontais Plus um Chúram Leanaí Pobail (CCSP Lacáiste)

**Bailí do Bhliain Chláir 2022/2023**

**Tabhair faoi deara go bhfuil an fhaisnéis atá le fáil sna Rialacha seo faoi réir athraithe**

## Clár na nÁbhar


**GLUAIS TÉARMAÍ** ..... 5

**Réamhrá** ..... 7

**Caibidil 1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa** ..... 8

1.1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa ..... 8

1.2 Stádas Soláthraí Faofa ..... 8

1.3 Clárú le Tusla ..... 9

1.4 Díchlárú le Tusla ..... 9

1.5 Uimhir Thagartha Seirbhíse ..... 10

1.6 Athrú Imthosca do Sholáthraí Faofa ..... 10

1.7 Cáilíochtaí Ball Foirne ..... 10

1.8 Sonraí Teagmhála ..... 11

1.9 Comhaontuithe Maoinithe ..... 11

1.10 Liosta Cláraithe Táillí agus Féilire Seirbhíse ..... 11

**Caibidil 2 Liosta Táillí** ..... 12

2.1 Ceanglas Liosta Táillí ..... 12

2.2 Éarlaisí ..... 12

2.3 Ceanglais tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse á síniú acu ..... 12

2.4 Athruithe ar Tháillí ..... 13

2.5 Ceanglais Taispeána Doiciméad ..... 13

2.6 Ceanglas Comhlánaithe Doiciméad ..... 14

2.7 Seiceálacha CCC ..... 14

**Caibidil 3 Féilire Seirbhíse** ..... 15

3.1 Ceanglas Féilire Seirbhíse ..... 15

3.1.1 Íosmhéid Seachtainí Oscailte ar an bhFéilire ..... 15

3.2 Ceanglais Taispeána Doiciméad ..... 15

3.3 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse ..... 15

3.4 Íocaíocht le haghaidh 52 seachtain le haghaidh 50 seachtain tinrimh ..... 16

3.5 Seiceálacha CCC ..... 16

**Caibidil 4 Leanaí Lacáiste** ..... 17

4.1 Cur Síos ar Lacáiste CCSP do Bhliain Chláir 2022/23 ..... 17

4.2 Cáilitheacht do Stádas Lacáiste le haghaidh Lacáiste CCSP ..... 17

4.3 Stádas Lacáiste CCSP a Choimeád ..... 17

4.3.1 Fágann Leanbh Seirbhís go Deonach ..... 17

4.3.2 Fágann Leanbh Seirbhís go Deonach ........ 17
4.3.3 Aistrithe Lacáiste Cáilithe ó Chlár Lacáiste CCSP chuig ECCE ........ 18
4.4 Seirbhísí nach bhfuil Oscailte i Rith Mhíonna an tSamhraidh (Am Neamhthéarma) ........ 18
**Caibidil 5 Forléargas ar Chlár Lacáiste CCSP ........ 19**
5.1 Clár Lacáiste CCSP ........ 19
5.2 Ag freastal ar níos mó ná seirbhís amháin ........ 19
5.3 Cineálacha Áiteanna faoi Chlár Lacáiste CCSP ........ 20
5.4 AIM ........ 20
5.5 Dúnadh Seirbhíse ........ 20
**Caibidil 6 Cáilitheacht do Chlár Lacáiste CCSP ........ 21**
6.1 Cáilitheacht ........ 21
6.2 Faisnéis riachtanach ........ 21
Tábla 1 Cáilitheacht Banda Chlár Lacáiste CCSP ........ 22
**Caibidil 7 Clárú Linbh ........ 24**
7.1 Leanbh Lacáiste a Chlárú ar Chlár Lacáiste CCSP ........ 24
7.2 Clárú Chlár Lacáiste CCSP ........ 24
**Caibidil 8 Achomhairc ........ 25**
8.1 An próiseas chun achomharc a dhéanamh maidir le banda bronnta ........ 25
**Caibidil 9 Tinreamh ........ 26**
9.1 Neamhthinreamh ........ 26
9.2 Imthosca Speisialta ........ 26
Tábla 2 Imthosca Speisialta Cáilitheacha ........ 26
9.3 Laghdú ar thinreamh ........ 27
9.4 Tearcthinreamh leanúnach ........ 27
9.5 Seirbhís a fhágáil ........ 27
9.6 Eisceacht i ndáil leis an Riail a bhaineann le Fógra 4 Seachtaine ........ 28
**Caibidil 10 Coimeád Taifead ........ 29**
10.1 Oibleagáid Soláthraí Faofa ........ 29
10.2 Ceanglas Taifid Tinrimh a Choimeád ........ 29
10.3 Teip Taifid Tinrimh Oiriúnacha a Choimeád ........ 30
Treoir Dea-Chleachtais - Taifid Tinrimh ........ 31
TAIFEAD TINRIMH LINBH SHAMPLAIGH ........ 33
TAIFEAD TINRIMH BAILL FOIRNE SHAMPLAIGH ........ 34
**Caibidil 11 Comhlíontacht ........ 35**

11.1 Freagracht Soláthraí Faofa ..... 35
11.2 An Comhad Comhlíontachta ..... 35
11.3 Cuairteanna Comhlíontachta ..... 36
**Caibidil 12 Force Majeure ..... 37**
12.1 Force Majeure agus Maoiniú ..... 37
12.2 Clásal Force Majeure ..... 37
12.3 Próiseas Éilimh Force Majeure ..... 37
12.5 Íocaíocht Force Majeure ..... 37
**Caibidil 13 Feighlithe Leanaí ..... 39**
13.1 Cur Síos ar Fheighlí Leanaí ..... 39
13.2 Feighlithe Leanaí agus Clárú le Tusla ..... 39
Tábla 3 Uaslíon leanaí ar féidir le feighlithe leanaí aire a thabhairt dóibh ..... 39
**Caibidil 14 Ceanglais Airgeadais ..... 40**
14.1 Freagracht Soláthraí Faofa ..... 40
14.2 Nósanna Imeachta Díchimithe agus Athshlánaithe ..... 41
**Caibidil 15 Ceisteanna Coitianta maidir le Clár Lacáiste CCSP ..... 42**

# GLUAIS TÉARMAÍ

Ciallaíonn **“Soláthraí Faofa”** soláthraí Sheirbhís Fhoghlaim agus Chúram na Luath-Óige (ELC) nó Seirbhís ELC agus Seirbhís Chúram Leanaí ar Aois Scoile (SAC) i dteannta a chéile, de réir Chlár Lacáiste CCSP atá páirteach sa Chomhaontú seo leis an Aire.

Ciallaíonn **“CCC”** Coiste Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí. Tá na CCCanna á maoiniú ag DCEDIY chun feidhmiú mar ghníomhaire áitiúil i ndáil le soláthar ELC agus SAC.

Ciallaíonn **“Lacáiste CCSP”** chun críche bhliain chláir 2022/2023, duine atá cláraithe do chlár Lacáiste CCSP ar an 12 Márta 2020 i mbliain chláir 2019/2020 agus a bhí ag freastal air agus a choimeád clárú faoi Chlár Lacáiste CCSP 2021/2022, agus nár fhág an Clár Lacáiste CCSP chun clárú le haghaidh NCS.

Ciallaíonn **“roinn”** An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

Ciallaíonn **“seirbhís luathbhlianta”** arna sainiú in Acht um Leanaí agus an Teaghlach, 2013, seirbhís atá ag soláthar seirbhís réamhscoile agus/nó seirbhís aois scoile.

Is scéim choisctheach idirghabhála bliana é **“Tús Luath”** a thairgtear i scoileanna roghnaithe i limistéir ainmnithe faoi mhíbhuntáiste. Is é cuspóir an chláir réamhscoile dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil trí dhíriú ar leanaí a bhfuil an baol ann nach mbainfidh siad barr a gcumais amach laistigh den chóras scoile. Tá an clár á bhainistiú, á mhaoiniú agus á mheas ag an Roinn Oideachais.

Ciallaíonn **“Táille”** an tsuim airgid a ghearrann soláthraí ar thuismitheoir le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí roimh aon fhóirdheontas a lascainiú. Beidh eolas mionsonraithe le fáil sa Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse agus déanfar comhaontú idir an tuismitheoir agus an Soláthraí Faofa cúraim leanaí sula síníonn an tuismitheoir an fhoirm seo.

Ciallaíonn **“An tArdán Luathbhlianta (EYP)”** córas seirbhíse uile ar féidir le soláthraithe seirbhíse úsáid a bhaint as chun riaradh a saoráide nó saoráidí a bhainistiú, lena n-áirítear sonraí na heagraíochta, comhaontuithe maoinithe, clárú agus maoiniú a bhaineann le gach scéim DCEDIY. Is féidir an t-ardán a úsáid chun fiosrúcháin a dhéanamh agus freagraí agus eolas a fháil ón Ionad Soláthraithe Luathbhlianta.

Is é **“HIVE Luathbhlianta (EY HIVE)”** an t-ainm atá ar an tairseach soláthraithe seirbhíse le haghaidh Clár Luathbhlianta.

Ciallaíonn **“Aire”** an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige.

Ciallaíonn **“NCS”** an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí.

Ciallaíonn **“seirbhís réamhscoile”** aon réamhscoil, grúpa súgartha, naíolann lae, crèche, seirbhís cúraim lae nó seirbhís chosúil a fhreastalaíonn ar leanaí réamhscoile.

Ciallaíonn **"Príomhúsáideoir Údaraithe"** duine atá ainmnithe ag Soláthraí Faofa Cúraim Leanaí chun an idirghníomhaíocht ar fad idir Riarthóir na Scéime agus Soláthraí Faofa cúraim leanaí a bhainistiú. Chomh maith leis sin, tá an duine seo údaraithe chun conarthaí a shíniú thar ceann a n-eagraíochta.

Ciallaíonn "clárú" an pointe ama a gcuireann an Soláthraí Cúraim Leanaí Faofa leanbh san áireamh i gcóras na Scéime (trí thairseach an tsoláthraí).

Ciallaíonn **"Riarthóir Scéime"** an eagraíocht a ceapadh chun an Scéim a riar. Tá Pobal ceaptha ag an Aire mar Riarthóir na Scéime.

Ciallaíonn **"Seirbhís"** seirbhís ELC nó seirbhís ELC agus SAC i dteannta a chéile atá cláraithe le Tusla ar chlár na Soláthraithe Faofa cúraim leanaí atá á coimeád ag Tusla faoi alt 58C d'Acht um Chúram Leanaí, 1991.

Ciallaíonn **"fóirdheontas"** an méid seachtainiúil a íocann Riarthóir na Scéime le Soláthraí Faofa thar ceann iarrthóra rathúla mar thacaíocht airgeadais le haghaidh seirbhísí cúraim leanaí do leanbh.

Ciallaíonn **"seirbhís ar aois scoile"** seirbhís a fhreastalaíonn ar leanaí faoi 15 bhliain d'aois atá rollaithe i scoil a sholáthraíonn oideachas bunscoile nó oideachas iar-bhunscoile agus raon gníomhaíochtaí atá forbarthach, oideachasúil agus dírithe ar chaitheamh aimsire agus a reáchtáiltear lasmuigh d'uaireanta scoile, ach ní áirítear seirbhísí nach soláthraíonn ach gníomhaíochtaí a bhaineann le—

i. Na hEalaíona.
ii. Obair óige.
iii. Spórt iomaíoch nó áineasa.
iv. Teagasc.
v. Teagasc reiligiúnach.

Tabhair faoi deara, mura soláthraíonn seirbhís ach tacaíocht chun obair bhaile a dhéanamh, ní ghlactar leis an gcineál seo seirbhíse mar sheirbhís atá ag soláthar cúraim leanaí agus i láthair na huaire, ní gá do sheirbhís den chineál seo clárú le Tusla.

Tagraíonn **"Tusla"** don Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach.

Ciallaíonn **"Lá Oibre"** lá ar bith seachas Satharn, Domhnach nó saoire phoiblí.

# Réamhrá

Leanfar le Clár Lacáiste CCSP do bhliain chláir 2022/2023, idir an 15 Lúnasa 2022 agus an 11 Lúnasa 2023.

Tá Clár Lacáiste CCSP 2022/2023 athraithe ó *PIP* go dtí *EY HIVE*. Beidh gach clárú do Chlár Lacáiste CCSP 2022/2023 á phróiseáil ar *EY HIVE* uaidh seo amach.

Tá Clár Lacáiste CCSP á riar ag Pobal mar Riarthóir na Scéime, thar ceann na Roinne. Má theastaíonn cúnamh uait chun rialacha na gClár a riar, má tá ceisteanna maidir le híocaíochtaí agat nó má tá aon fhadhbanna teicniúla agat le *EY HIVE*, is féidir le Soláthraithe Faofa teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta ag an seoladh ríomhphoist eypc@pobal.ie nó trí ghlaoch ar an uimhir 01-5117222.

Sonraítear sa doiciméad seo na rialacha a bhaineann le Clár Lacáiste CCSP agus ba cheart é a léamh i dteannta le tacar treoirleabhar 'Conas' ina bhfuil eolas maidir le feidhmiú *EY HIVE*.

D'fhéadfaí Maoiniú Chlár Lacáiste CCSP agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó Comhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de na Rialacha agus/nó téarmaí a bhaineann le Comhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP.

**<u>Tabhair faoi deara:</u> Tá eolas atá le fáil sna Rialacha DCEDIY seo maidir le Clár Lacáiste CCSP faoi réir athraithe. Seiceáil *EY HIVE* go rialta le haghaidh nuashonruithe.**

Soláthraíonn Clár Lacáiste CCSP tacaíocht do thuismitheoirí/do chaomhnóirí cáilithe ar ioncam íseal chun tairbhe a bhaint as costais cúraim leanaí laghdaithe ag seirbhísí cúraim leanaí rannpháirteacha i rith bhliain chláir 2022/2023.

Glacfar le leanaí a bhí cláraithe do chlár Lacáiste CCSP ar an 12 Márta 2020 i mbliain chláir 2019/2020 agus a bhí ag freastal air agus a choimeád clárú faoi Chlár Lacáiste CCSP 2021/2022, agus nár fhág an Clár Lacáiste CCSP chun clárú le haghaidh NCS 2022/2023, mar 'Leanaí Lacáiste' cáilithe chun críocha bhliain chláir 2022/2023.

**<u>Ní féidir aon chlárú nua a dhéanamh faoi Chlár Lacáiste CCSP le haghaidh leanaí nach raibh cláraithe do bhliain chláir 2019/2020 CCSP.</u>**

Ní féidir aon chlárú a dhéanamh faoin gClár Fóirdheontais Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail (CCSR) nó faoin gClár Fóirdheontais Athlonnaíochta um Chúram Leanaí Pobail (Idirthréimhseach) (CCSR(T)). Ní mór gach leanbh cáilithe a urrú ar an Scéim Náisiúnta Cúraim Leanaí (NCS). Is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann Urraitheora NSC ag an uimhir 01-9068535 nó ríomhphost a sheoladh chuig sponsors@ncs.gov.ie.

Má bhíonn leanbh róshean chun tairbhe a bhaint as Clár Lacáiste CCSP i.e. 15 bhliain d'aois, ní bheidh an tuimsitheoir cáilithe níos mó le haghaidh costas laghdaithe cúraim leanaí don leanbh seo faoin gclár seo.

Íoctar an maoiniú faofa cúraim leanaí go díreach leis an Soláthraí Faofa agus ní mór é a asbhaint go díreach ó tháille an tSoláthraí Faofa don soláthar seirbhíse.

**Is iad na Coistí Contae agus Cathrach i gCúram Leanaí (CCCanna) na chéad phointí teagmhála do thuismitheoirí/do chaomhnóirí agus do sholáthraithe cúraim leanaí má bhíonn aon cheist acu maidir le Clár Lacáiste CCSP.** Tá na CCCanna á maoiniú ag DCEDIY chun feidhmiú mar ghníomhairí áitiúla i ndáil le soláthar ELC agus SAC. Soláthraíonn na CCCanna cúnamh agus treoir do Sholáthraithe Faofa áitiúla agus do thuismitheoirí maidir le cláir cúraim leanaí, agus tacaíonn siad le caighdeán trí chreataí náisiúnta agus cuspóirí beartais a chomhlíonadh. Oibríonn na CCCanna i gcomhar le agus i gcomhpháirt le heagraíochtaí eile cosúil le Riarthóir na Scéime, lena n-áirítear Seirbhís Forbartha Cáilíochta Tús Níos Fearr/AIM agus Tusla chun seirbhísí ELC agus SAC a fhorbairt agus tacú leo go háitiúil. Tá sonraí teagmhála do CCC áitiúil le fáil ag myccc.ie.

Is féidir le Soláthraithe Faofa teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta ag an seoladh ríomhphoist eypc@pobal.ie nó trí ghlaoch ar an uimhir 01-5117222 má theastaíonn cúnamh chun rialacha Chlár Lacáiste CCSP a riar nó má tá aon deacrachtaí teicniúla acu le *EY HIVE*. Tá treoirleabhair 'Conas' Riarthóir na Scéime do Chlár Lacáiste CCSP le fáil ar *EY HIVE*.

Mar chuid de thiomantas DCEDIY caighdeán ELC a ardú, soláthraíonn NCS tacaíocht airgeadais do leanaí cáilithe atá 24 seachtain d'aois atá ag glacadh páirte i seirbhísí cláraithe Tusla. Tá tuilleadh eolais maidir le NCS ar fáil i dTreoirlínte Beartais NCS atá ar fáil ar shuíomh gréasáin NCS www.ncs.gov.ie.

# Caibidil 1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa

## 1.1 Oibleagáidí Soláthraí Faofa

Tá oibleagáid orthu siúd a bhfuil maoiniú poiblí á fháil acu cloí go docht leis na rialacha ar fad atá le fáil sa doiciméad iomlán seo mar atá sonraithe ag an Aire.

D'fhéadfaí Maoiniú Chlár Lacáiste CCSP agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó an Comhaontú Maoinithe seo a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de na Rialacha agus/nó téarmaí a bhaineann le Comhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP.

Ní mór go mbeadh an Soláthraí Faofa airdeallach ar gach oibleagáid dhlíthiúil agus rialála ábhartha agus ní mór don Soláthraí Faofa iad a chomhlíonadh.

Ní mór do sheirbhísí a sholáthraíonn seirbhís ELC prionsabail agus caighdeáin fhoghlaim agus chúram luathóige Aistear agus Síolta a chomhlíonadh chun tacú le foghlaim agus forbairt gach linbh ó bhreith go dtí sé bliana d'aois trí churaclam oiriúnach a sholáthar.

## 1.2 Stádas Soláthraí Faofa

Ní mór don Soláthraí Faofa comhlíontacht cánach a léiriú trí uimhir thagartha cánach a sholáthar, mar aon le huimhir rochtana imréitigh cánach. Trí na huimhreacha seo a sholáthar, admhaíonn agus comhaontaíonn an Soláthraí Faofa go bhfuil cead faighte ag Riarthóir na Scéime agus/nó an tAire ón Soláthraí Faofa a staid imréitigh cánach a fhíorú ar líne.

Ní mór don Soláthraí Faofa gach beart is gá a dhéanamh chun Sláinte, Sábháilteacht agus Leas na leanaí atá ag freastal ar an tseirbhís a chinntiú agus Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016 https://www.tusla.ie/uploads/content/20160510ChildCareActEarlyYrsRegs2016SI221of2016.pdfagus https://www.tusla.ie/uploads/content/20160510ChildCareActEarlyYrsRegs2016SI221of2016.pdf Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú), 2016 a chomhlíonadh, agus Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile), 2018 (arna leasú) .

## 1.3 Clárú le Tusla

Ní mór go mbeadh seirbhís cláraithe le Tusla chun maoiniú a fháil ó DCEDIY. Ní mór go mbeadh seirbhísí a sholáthraíonn seirbhís ELC agus SAC cláraithe le Tusla don dá sheirbhís. Ní mór go mbeadh gach saoráid/suíomh a bhfuil seirbhís freagrach as cláraithe le Tusla, ní mór go mbeadh uimhir Thagartha Seirbhíse aonair aici/aige agus ní mór do leanaí freastal ar an tsaoráid/ar an suíomh a bhfuil siad cláraithe lena (h)aghaidh. Ní mór go mbeadh cruthúnas ar chlárú le Tusla ar fáil ag an áitreabh le hiniúchadh más gá.

Ní mór go mbeadh Soláthraithe Faofa cláraithe le Tusla le haghaidh áiteanna atá á soláthar mar atá sainithe faoi 5.3 e.g. ní féidir maoiniú a chur ar fáil do sheirbhísí le haghaidh áiteanna páirtaimseartha nuair atá na seirbhísí cláraithe mar sheirbhísí seisiúnacha le Tusla. Caithfidh gach seirbhís atá ag soláthar seirbhísí cúraim leanaí clárú le Tusla. Tá na sonraí ar fad maidir le conas seirbhís a chlárú le fáil ar shuíomh gréasáinwww.tusla.ie https://myccc.ie/ nó is féidir leat teagmháil a dhéanamh le do CCC áitiúil (myccc.ie).

Tabhair faoi deara, mura soláthraíonn seirbhís ach tacaíocht chun obair bhaile a dhéanamh, ní ghlactar leis an gcineál seo seirbhíse mar sheirbhís atá ag soláthar cúraim leanaí agus i láthair na huaire, ní gá do sheirbhís den chineál seo clárú le Tusla. Tabhair faoi deara, nach bhfuil na cineálacha seirbhísí seo cáilithe chun maoiniú a fháil faoi Chlár Lacáiste CCSP. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait déan teagmháil le do CCC áitiúil.

## 1.4 Díchlárú le Tusla

Mar Rialálaí Neamhspleách, is é ról Tusla monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus caighdeán an chúraim agus na tacaíochta a sholáthraítear do leanaí i seirbhísí luathbhlianta agus i gcúram leanaí ar aois scoile d'fhonn a chinntiú go bhfuil na rialacháin á gcomhlíonadh. Sa chás gur ann do sháruithe comhsheasmhacha agus tromchúiseacha, féadfaidh Tusla gníomhú lena n-áirítear ionchúiseamh agus seirbhís a bhaint de chlár na seirbhísí luathbhlianta agus na seirbhísí ar aois scoile.

**Má eisíonn Tusla fógra chun seirbhís a bhaint den chlár, tá tuismitheoir/caomhnóir i dteideal a linbh a thógáil amach as an tseirbhís agus an leanbh a athchlárú i seirbhís nua i rith thréimhse fógra díchláraithe 21 lá Tusla gan gá a bheith leis an gnáth-thréimhse fógra ceithre seachtaine a thabhairt don tseirbhís de réir na rialacha a bhaineann le tinreamh i gCaibidil 9 den doiciméad seo. Nuair a chuireann Tusla in iúl don Roinn go bhfuil seirbhís díchláraithe, cuirtear stop leis an maoiniú le héifeacht ón dáta díchláraithe. Féach ar Chaibidil 4.3: Stádas Lacáiste CCSP a choimeád le haghaidh tuilleadh eolais.**

## 1.5 Uimhir Thagartha Seirbhíse

Ní mór go mbeadh gach saoráid/suíomh a bhfuil seirbhís freagrach aisti/as cláraithe le Tusla, ní mór go mbeadh uimhir Thagartha Seirbhíse aonair aici/aige agus ní mór do leanaí freastal ar an tsaoráid/suíomh a bhfuil siad cláraithe lena (h)aghaidh. Ní mór do Sholáthraí Faofa logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua nó breise a lorg.

Chun Uimhir Thagartha Seirbhíse a fháil, ní mór go mbeadh seirbhísí cláraithe le Tusla, agus ní mór dóibh tús a chur leis an bpróiseas ionduchtaithe ar *EY HIVE*. Má theastaíonn tuilleadh cúnaimh uait déan teagmháil leis an Ionad Soláthraithe Luathbhlianta ag an uimhir 01 5117222 nó seol ríomhphost chuig eypc@pobal.ie

## 1.6 Athrú Imthosca do Sholáthraí Faofa

Sna himthosca seo a leanas ní mór do sheirbhís reatha uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg.

i. Sa chás go bhfuil úinéireacht seirbhíse á haistriú, ní mór don tseirbhís logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg.
ii. Sa chás go n-athraítear stádas dlíthiúil seirbhíse, ní mór don tseirbhís logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg.
iii. Sa chás go bhfuil seoladh seirbhíse á athrú, ní mór don Soláthraí Faofa a chinntiú go bhfuil an seoladh/áitreabh nua cláraithe le Tusla agus ansin ní mór logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg.
iv. Sa chás go bhfuil seirbhís á forbairt chuig áitreabh breise atá cláraithe le Tusla, ní mór don tseirbhís a chinntiú go bhfuil an seoladh/an t-áitreabh nua cláraithe le Tusla agus ní mór don tseirbhís logáil isteach ar *EY HIVE* leis na sonraí ábhartha ar fad chun Uimhir Thagartha Seirbhíse nua a lorg. Tabhair faoi deara, ní mór go mbeadh leanaí atá ag freastal ar an áitreabh nua/breise cláraithe faoin Uimhir Thagartha Seirbhíse nua.

## 1.7 Cáilíochtaí Ball Foirne

Faoi na Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasú), 2021, ní mór go mbeadh mórdhámhachtain Leibhéal 5, ar a laghad, i gcúram leanaí ar an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ), nó a comhionann arna cinneadh ag DCEDIY, ag gach ball foirne atá ag obair go díreach le leanaí i seirbhís ELC.

Tá liosta cáilíochtaí foilsithe ag DCEDIY a chomhlíonann na ceanglais rialála a bhaineann le bheith ag obair san earnáil ELC in Éirinn. Tá an liosta seo le fáil ar leathanach DCEDIY ar an suíomh gréasáin Gov.ie: Nasc chuig an liosta.

Mura bhfuil cáilíocht ag duine atá luaite ar an liosta cáilíochtaí aitheanta, ceanglaítear ar an duine aonair iarratas a dhéanamh chun a c(h)áilíochtaí a aithint trí ríomhphost a sheoladh chuig EYQualifications@equality.gov.ie. Tá tuilleadh eolais maidir leis na ceanglais agus an próiseas iarratais le fáil ar leathanach gréasáin DCEDIY: https://www.gov.ie/en/service/000073-recognition-of-an-early-years-qualification/ .

Mar gheall ar RGCS, ní mór don duine aonair an t-iarratas a dhéanamh de bhrí nach féidir leis an Roinn glacadh le hiarratais agus/nó fiosrúcháin ó thríú páirtithe cosúil le fostóirí.

Tá na Rialacháin á sárú ag iarrthóirí a chuireann tús le tréimhse fostaíochta gan a gcáilíochtaí a bheith aitheanta.

## 1.8 Sonraí Teagmhála

Ní mór do Sholáthraí Faofa seoladh ríomhphoist a sholáthar atá le húsáid chun cumarsáid a dhéanamh leis maidir leis an tseirbhís agus coimeádann an Roinn an ceart eolas tábhachtach a roinnt, lena n-áirítear eolas a bhaineann le híocaíochtaí, go leictreonach. Ní mór seoladh poist a chur ar fáil freisin. Sa chás nach ionann an seoladh baile agus seoladh na saoráide, ní mór an dá sheoladh chur ar fáil (ní bhaineann sé seo le cuideachta theoranta). Ní mór uimhir theileafóin a chur ar fáil freisin, ag ar féidir teagmháil a dhéanamh leis an bPríomhúsáideoir Údaraithe (PAU)/Soláthraí Faofa i rith uaireanta oibre.

Ní mór go mbeadh rochtain ag an Soláthraí Faofa ar shaoráidí a chuireann ar a chumas gnó a reáchtáil ar líne, ní mór go mbeadh cuntas úsáideora *EY HIVE* aige, agus ní mó go mbeadh sé ionduchtaithe ar *EY HIVE* agus go mbeadh iarratas gníomhach déanta ar Chlár NCS aige chun páirt a ghlacadh i gClár Lacáiste CCSP. Ní mór don Soláthraí Faofa Clár Lacáiste CCSP a riar ar *EY HIVE*. Beidh rochtain ag Soláthraithe Faofa ar shuíomh gréasáin *EY HIVE* (EarlyYearsHive.ncs.gov.ie) d'fhonn a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoi na nósanna imeachta riaracháin ar líne is déanaí a bhaineann le riaradh an chláir agus treoirleabhair ábhartha 'Conas' do Sholáthraithe Faofa, atá ar fáil ar thairseach *EY HIVE*.

## 1.9 Comhaontuithe Maoinithe

Comhlíonfaidh an Soláthraí Faofa gach ceangaltas agus beidh Comhaontú Maoinithe bunaithe leis an Roinn coicís sula gcuireann an tseirbhís tús le Clár Lacáiste CCSP. Féadfar dáta níos déanaí ná tús bhliain an chláir ar an 15 Lúnasa 2022 a cheadú sa chás go measann an tAire gur cuí.

## 1.10 Liosta Cláraithe Táillí agus Féilire Seirbhíse

Ní mór don Soláthraí Faofa liosta táillí agus féilire seirbhíse a uaslódáil ar *EY HIVE* coicís ar a laghad sula n-osclaíonn an tseirbhís do bhliain chláir nua.

Ní mór go mbeadh a liostaí táillí agus féilirí uaslódáilte ag seirbhísí a osclaíonn i ndiaidh na bliana cláir ar *EY HIVE* coicís ar a laghad sula n-osclaíonn siad.

Léireofar ar an liosta táillí na laghduithe oiriúnacha ar tháillí cúraim leanaí a chuirfear i bhfeidhm le haghaidh tuismitheoirí cáilithe. Beidh an liosta táillí agus féilire seirbhíse seo faoi réir athbhreithnithe a bheidh á dhéanamh ag an CCC ábhartha. Má theastaíonn tuilleadh eolais uait féach ar Chaibidil 2 agus ar Chaibidil 3 den doiciméad seo agus ar na treoirleabhair 'Conas' ar *EY HIVE*.

# Caibidil 2 Liosta Táillí

## 2.1 Ceanglas Liosta Táillí

Ní mór do Sholáthraithe Faofa Liosta Táillí a chomhlánú coicís ar a laghad sula n-osclaíonn siad do bhliain chláir 2022/2023. Ní mór dóibh mionsonraí a thaispeáint ar an liosta táillí maidir leis na táillí ar fad atá gearrtha ar thuismitheoirí, mar aon le mionsonraí maidir le haon táillí breise, lascainí, tabhartais dheonacha etc. atá curtha i bhfeidhm ag an tseirbhís.

**Ní mór go mbeadh liosta táillí Soláthraí Faofa do Chlár Lacáiste CCSP ar fáil ar *EY HIVE* sular féidir comhaontú maoinithe a ghníomhachtú**.

**Mura mbailíonn Soláthraí Faofa aon éarlaisí nó mura dtairgeann sé aon lascainí, ní mór é seo a chomhlánú ar liosta na dtáillí freisin.**

## 2.2 Éarlaisí

Ní mór do Sholáthraí Faofa cur síos beacht a dhéanamh, eolas a thabhairt faoi chostas iomlán agus minicíocht aon éarlaise a iarrtar atá sonraithe ar a liosta táillí.

Tá an éarlais **uasta** is féidir le soláthraí a ghearradh cothrom le híocaíocht coicíse. Ní mór an méid iomlán **<u>d'fhóirdheontas DCEDIY atá coinnithe mar éarlais a aisíoc</u>** leis an tuismitheoir/leis an gcaomhnóir **<u>nuair atá clárú an linbh faofa.</u>** Níl aon eisceacht luaite leis an riail seo.

Is faoin soláthraí atá sé cinneadh a dhéanamh maidir le conas agus cathain a thugtar an éarlais ar ais don tuismitheoir/don chaomhnóir, ach moltar go gcomhaontaítear an t-amfráma seo idir an dá pháirtí ar dtús i.e. **sula** gcuireann aon duine airgead ar fáil.

*Mar shampla: Sa chás go bhfuil táille sheachtainiúil seirbhíse cothrom le €200 agus go bhfuil an fóirdheontas dlite cothrom le €145, féadfaidh an tseirbhís éarlais coicíse luach €400 a ghearradh. Nuair a bhíonn an clárú faofa, aisíocfaidh an tseirbhís €290 leis an tuismitheoir.*

## 2.3 Ceanglais tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse á síniú acu

Ní mór do thuismitheoirí/do chaomhnóirí Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse faofa *EY HIVE* a shíniú agus a n-inisileacha a chur leis an Litir Eolais chun cur in iúl go dtuigeann siad na táillí a bheidh á gcur i bhfeidhm ag an tseirbhís. Tá liostaí táillí faoi réir athbhreithnithe a dhéanfaidh an Roinn/Riarthóir na Scéime/CCC.

Le haghaidh bhliain chláir 2022/2023, glacfaidh DCEDIY leis an Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse ón tuismitheoir/ón gcaomhnóir ábhartha trí ríomhphoist nó i bhfoirm cóip chrua, cibé acu is oiriúnaí don Soláthróir Faofa agus tuismitheoir/caomhnóir. Ba cheart an rogha a thabhairt don tuismitheoir/don chaomhnóir ríomhphost a úsáid, áfach. Ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí a bhaineann tairbhe as an rogha ríomhphoist, maidir le cosaint sonraí, nach bhfuil an ríomhphost chomh slán céanna. Ba cheart fiafraigh de thuismitheoirí/de chaomhnóirí an seoladh ríomhphoist atá le húsáid a athdheimhniú agus ba cheart don Soláthraí Faofa a chinntiú nach n-eisítear ach

ríomhphoist shonracha chuig an seoladh cuí don teaghlach cuí.  Ní ghlacfar le haon fhoirm eile seachas Litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse DCEDIY agus ní mór litir amháin a chomhlánú le haghaidh gach linbh i.e. ní cheadaítear ainm beirt leanaí nó níos mó ar litir chomhlánaithe amháin.

Ní mór do Sholáthraithe Faofa cóipeanna de gach ríomhphost a choinneáil ar an láthair chun críche comhlíontachta agus ba cheart go mbeidís ar fáil le hiniúchadh.

## 2.4 Athruithe ar Tháillí

Ní mór do CCC aon athruithe ar Liostaí Táillí a fhaomhadh ar dtús roimh thuismitheoirí/roimh chaomhnóirí Leanaí Lacáiste a chur ar an eolas.

Ní mór fógra i scríbhinn, 20 lá oibre, a thabhairt do thuismitheoirí maidir le haon athrú ar Liosta na dTáillí.

Sa chás go bhfuil Liosta na dTáillí athbhreithnithe, ní mór Litreacha Eolais maidir le Táillí Seirbhíse leasaithe a eisiúint agus ní mór do na tuismitheoirí/caomhnóirí iad a shíniú agus iad a choimeád i gcomhaid na seirbhíse.

Ní mór cóipeanna de Litreacha Eolais maidir le Táillí Seirbhíse a eisítear agus a sínítear ina dhiaidh sin a choimeád i gcomhad san áitreabh.

Ní mór cóip nuashonraithe de Liostaí na dTáillí a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil rochtain ag tuismitheoirí air, agus ar aon ardán ar líne atá á chothabháil ag an Soláthraí Faofa chun críche a sheirbhísí a phoibliú.  Ní mór do Sholáthraithe Faofa Liostaí Táillí a choimeád nuashonraithe chun léargas a thabhairt ar na táillí atá á ngearradh ar thuismitheoirí mar aon le sonraí aon athruithe ar tháillí nó lascainí eile atá curtha i bhfeidhm ag an tseirbhís, ar *EY HIVE* i gcónaí.

## 2.5 Ceanglais Taispeána Doiciméad

Ní mór cóip den Liosta Táillí, mar aon le cóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha eisithe chuig tuismitheoirí (lena n-áirítear litreacha Eolais maidir le Táillí Seirbhíse) a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil rochtain ag tuismitheoirí air agus a mbeidh tuismitheoirí in ann é a fheiceáil ann, agus ní mór é a thaispeáint go soiléir ar aon ardán ar líne atá á chothabháil ag an Soláthraí Faofa chun críche a sheirbhísí a phoibliú.

Le haghaidh bhliain chláir 2022/2023, glacfaidh DCEDIY le haon doiciméid chuí ón tuismitheoir/ón gcaomhnóir ábhartha trí ríomhphoist nó i bhfoirm cóip chrua, cibé acu is oiriúnaí don Soláthróir Faofa agus tuismitheoir/caomhnóir.  Ba cheart an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ríomhphost a úsáid, áfach. Ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar mian leo tairbhe a bhaint as an rogha ríomhphoist, maidir le cosaint sonraí, nach bhfuil an ríomhphost chomh slán céanna. Ba cheart fiafraigh de thuismitheoirí/de chaomhnóirí an seoladh ríomhphoist atá le húsáid a athdheimhniú agus ba cheart don Soláthraí Faofa a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphoist shonracha chuig an seoladh cuí don teaghlach cuí.

Mar choinníoll den Chomhaontú Maoinithe do Chlár Lacáiste CCSP do bhliain chláir 2022/2023, comhaontaíonn Soláthraithe Faofa cead a thabhairt don Aire/do Riarthóir na Scéime a dtáillí a fhoilsiú ar líne agus in aon fhoirm.  Chomh maith leis sin, coimeádann an tAire/Riarthóir na Scéime

an ceart na sonraí seo a fhoilsiú agus na sonraí a úsáid i bhfoirm chomhlán chun críche táillí a thuairisciú.

## 2.6 Ceanglas Comhlánaithe Doiciméad

Ní mór go mbeadh cóip shínithe den litir Eolais maidir le Táillí Seirbhíse ag Soláthraithe Faofa ar comhad ar an láthair maidir le gach tuismitheoir/caomhnóir linbh atá ag glacadh páirte i gClár Lacáiste CCSP, ar a léirítear go bhfuil na táillí faofa. Ní mór go mbeadh na táillí cosúil leis na táillí atá sonraithe ar Liosta na dTáillí.

## 2.7 Seiceálacha CCC

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh na CCCanna ag seiceáil na liostaí táillí d'fhonn a chinntiú go bhfuil téarmaí an chomhaontaithe maoinithe sínithe agus go bhfuil rialacha Chlár Lacáiste CCSP á gcomhlíonadh. Sa chás go dtugtar faoi deara nach bhfuil Soláthraithe Faofa comhlíontach, beidh 4 seachtaine acu chun a liosta(í) táillí a cheartú. Mura bhfuil a liostaí táillí nuashonraithe acu i ndiaidh na tréimhse sin de réir threoir na CCCanna, cuirfear Riarthóir na Scéime ar an eolas ionas gur féidir déileáil leis an gceist. D'fhéadfaí smachtbhannaí a chur i bhfeidhm má chinntear go sáraíonn liostaí táillí aon cheann de rialacha/de bheartais Chlár Lacáiste CCSP.

# Caibidil 3 Féilire Seirbhíse

## 3.1 Ceanglas Féilire Seirbhíse

Ní mór do Sholáthraithe Faofa Féilire a chomhlánú coicís ar a laghad sula n-osclaíonn siad do bhliain chláir 2022/2023. Ní mór féilire na seirbhísí a uaslódáil ar *EY HIVE* sular féidir comhaontú maoinithe a ghníomhachtú.

Tá an féilire faoi réir athbhreithnithe a bheidh á dhéanamh ag DCEDIY/Riarthóir na Scéime/CCC.

Ní mór féilire seirbhíse a dháileadh ar gach tuismitheoir/caomhnóir nuair a thosaíonn an leanbh ag freastal ar an tseirbhís, agus na laethanta a mbeidh an tseirbhís oscailte faoi Chlár Lacáiste CCSP do Bhliain chláir 2022/2023 a thaispeáint.

### 3.1.1 Íosmhéid Seachtainí Oscailte ar an bhFéilire

Ní mór go mbeadh seirbhísí a bhfuil conradh sínithe acu chun Clár Lacáiste CCSP a sholáthar oscailte le haghaidh 37 sheachtain ar a laghad i rith bhliain an chláir.

Má threoraíonn na hÚdaráis Sláinte Phoiblí/FSS (ní mór fianaise a sholáthar) do sheirbhís dúnadh ar fhorais sláinte phoiblí, is féidir na seachtainí a chomhaireamh mar chuid den riail 37 seachtain.

## 3.2 Ceanglais Taispeána Doiciméad

Ní mór cóip den fhéilire seirbhíse, mar aon le cóipeanna d'aon litreacha caighdeánacha a eisítear chuig tuismitheoirí, a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís a bhfuil rochtain ag tuismitheoirí air agus a mbeidh tuismitheoirí in ann é a fheiceáil ann, agus ní mór é a thaispeáint ar aon ardán ar líne atá á chothabháil ag an soláthraí chun críche a sheirbhísí a phoibliú.

Le haghaidh bhliain chláir 2022/2023, glacfaidh DCEDIY leis go bhfuil féilire Chlár Lacáiste CCSP faighte ag an tuismitheoir/ag an caomhnóir ábhartha trí ríomhphoist nó i bhfoirm cóip chrua, cibé acu is oiriúnaí don Soláthróir Faofa agus tuismitheoir/caomhnóir.  Ba cheart an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ríomhphost a úsáid, áfach. Ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar mian leo tairbhe a bhaint as an rogha ríomhphoist, maidir le cosaint sonraí, nach bhfuil an ríomhphost chomh slán céanna. Ba cheart fiafraigh de thuismitheoirí/de chaomhnóirí an seoladh ríomhphoist atá le húsáid a athdheimhniú agus ba cheart don soláthraí a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphoist shonracha chuig an seoladh cuí don teaghlach cuí.

## 3.3 Athruithe ar Fhéilirí Seirbhíse

Ní mór do CCC aon athruithe ar fhéilire seirbhíse a fhaomhadh ar dtús roimh thuismitheoirí/roimh chaomhnóirí Leanaí Lacáiste a chur ar an eolas.

Ní mór fógra 20 lá oibre i scríbhinn a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí maidir le haon athruithe ar fhéilire na seirbhíse nuair atá an féilire faofa ag CCC.

Sa chás go bhfuil féilire athbhreithnithe, ní mór cóip athbhreithnithe den fhéilire a fhoilsiú i limistéar den tseirbhís atá le feiceáil agus a bhfuil rochtain ag tuismitheoirí/caomhnóirí air, mar aon le haon ardán ar líne atá á chothabháil ag an soláthraí chun críche a sheirbhísí a phoibliú.

Chomh maith leis sin, glacfaidh an Roinn le hadmháil ón tuismitheoir/ón gcaomhnóir ábhartha go bhfuil an féilire nuashonraithe faighte trí ríomhphost nó i bhfoirm cóip chrua, cibé rogha a oireann don Soláthraí Faofa. Ba cheart an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ríomhphost a úsáid, áfach. Ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar mian leo tairbhe a bhaint as an rogha ríomhphoist, maidir le cosaint sonraí, nach bhfuil an ríomhphost chomh slán céanna. Ba cheart fiafraigh de thuismitheoirí/de chaomhnóirí an seoladh ríomhphoist atá le húsáid a athdheimhniú agus ba cheart don soláthraí a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphoist shonracha chuig an seoladh cuí don teaghlach cuí.

Ní mór do Sholáthraithe Faofa cóipeanna de gach ríomhphost a choinneáil ar an láthair chun críche comhlíontachta agus ba cheart go mbeidís ar fáil le hiniúchadh.

## 3.4 Íocaíocht le haghaidh 52 seachtain le haghaidh 50 seachtain tinrimh

De réir na sonraí cláraithe, má tá dátaí tosaigh agus críochnaithe shocrúchán an linbh cothrom le 50 seachtain tinrimh nó níos mó i mbliain an chláir, íocfar an tseirbhís le haghaidh 52 seachtain.

I rith bhliain chláir 2022/2023, má threoraigh na hÚdaráis Sláinte Phoiblí/FSS do sheirbhís dúnadh ar fhorais sláinte phoiblí, cuirfear na seachtainí a bhfuil an tseirbhís dúnta san áireamh sa 50 seachtain móide tinreamh i rith an bhliain chláir seo. Ní mór don tseirbhís fianaise maidir leis dúnadh éigeantach seo a sholáthar ionas go mbeidh an tseirbhís cáilithe don íocaíocht le haghaidh 52 seachtain.

Ríomhfar íocaíochtaí ag deireadh bhliain chláir 2022/2023.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait maidir le féilirí seirbhíse, déan teagmháil le do CCC áitiúil nó féach ar 'Treoirleabhar 'Conas' - Liostaí Táillí Chlár Lacáiste CCSP' Riarthóir na Scéime ar *EY HIVE*.

## 3.5 Seiceálacha CCC

Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbeidh na CCCanna ag seiceáil na bhféilirí ar fad d'fhonn a chinntiú go bhfuil téarmaí an chomhaontaithe maoinithe sínithe agus go bhfuil rialacha Chlár Lacáiste CCSP á gcomhlíonadh. Sa chás go dtugtar faoi deara nach bhfuil Soláthraithe Faofa comhlíontach, beidh 4 seachtaine acu chun a bhféilire/a bhféilirí a cheartú. Mura bhfuil na féilirí nuashonraithe acu i ndiaidh na tréimhse sin de réir threoir na CCCanna, cuirfear Riarthóir na Scéime ar an eolas ionas gur féidir déileáil leis an gceist.

# Caibidil 4 Leanaí Lacáiste

## 4.1 Cur Síos ar Lacáiste CCSP do Bhliain Chláir 2022/23

Ciallaíonn Lacáiste CCSP, chun críocha bhliain chláir 2022/2023, duine atá cláraithe do Chlár Lacáiste CCSP ar an 12 Márta 2020 i mbliain chláir 2019/2020 agus a bhí ag freastal air agus a choimeád clárú faoi Chlár Lacáiste CCSP 2021/2022, agus nár fhág Clár Lacáiste CCSP chun clárú le haghaidh NCS.

## 4.2 Cáilitheacht do Stádas Lacáiste le haghaidh Lacáiste CCSP

Is féidir le tairbhithe atá fós cáilithe do bhliain chláir 2022/2023, faoi réir na gcoinníollacha atá sonraithe thíos, cinneadh a dhéanamh tairbhe a bhaint as cúram leanaí fóirdheonaithe ar Chlár Lacáiste CCSP do bhliain chláir 2022/2023 i.e. an 15 Lúnasa 2022 - an 11 Lúnasa 2023.

Ní mór do leanbh cáilithe na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

1. A bheith faoi 15 bhliain d'aois agus;
2. Cláraithe ar Chlár Lacáiste CCSP ar an 12 Márta 2020 i mbliain chláir 2019/2020 agus a bhí ag freastal air agus a choimeád clárú faoi Chlár Lacáiste CCSP 2021/2022, agus nár fhág Clár Lacáiste CCSP chun clárú le haghaidh NCS ag am ar bith;
3. I láthair ag seirbhís atá cláraithe le TUSLA laistigh de cheithre seachtaine d'oscailt na seirbhíse do bhliain chláir 2022/2023;
4. Cláraithe ag Soláthraí Faofa ar *EY HIVE* faoi Chomhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP 2022/2023, agus,
5. I láthair ag seirbhís (féach uimh.3 thuas) de réir an chineáil seisiúin agus an phatrúin tinrimh a bhí cláraithe don leanbh do chlár Lacáiste CCSP ar *EY HIVE*.

Nuair a chláraítear leanbh ar *EY HIVE* do bhliain chláir 2022/2023, seiceálfaidh API stádas cáilitheachta an tuismitheora/an chaomhnóra, faoi láthair trí bhunachar sonraí na Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) agus FSS (i gcás sealbhóirí cárta leighis agus cárta Cuairte Dochtúra le haghaidh leanaí 6+).

## 4.3 Stádas Lacáiste CCSP a Choimeád

### 4.3.1 Fágann Leanbh Seirbhís go Deonach

Más mian le tuismitheoir a leanbh a bhogadh chuig seirbhís dhifriúil, chun stádas Lacáiste ar Chlár Lacáiste CCSP a choimeád, ní cheadaítear aon bhearna sa mhaoiniú nuair a aistrítear leanbh ó sheirbhís amháin go seirbhís eile.  Má bhaineann tuismitheoir/caomhnóir a leanbh amach as seirbhís go deonach, tá an tréimhse fógra ceithre seachtaine acu (fógra ina ionad) chun glacadh le háit cúraim leanaí ar Chlár Lacáiste CCSP i seirbhís eile chun a stádas Lacáiste a choimeád.

### 4.3.2 Fágann Leanbh Seirbhís go Deonach

In imthosca inar gá don leanbh an tseirbhís a fhágáil go deonach e.g. dúnadh seirbhíse, tá go dtí deireadh thréimhse leanúnach 12 sheachtain aige/aici chun glacadh le háit cúraim leanaí ar Chlár Lacáiste CCSP/a bheith ag freastal ar sheirbhís chláraithe chun a stádas Lacáiste a choimeád. Dá réir sin, ní mór go mbeadh an leanbh ag freastal ar sheirbhís faoi dheireadh an 12ú seachtain.  Tá an 12

sheachtain á sainiú bunaithe ar sheachtainí neamh-íoca/neamh-iníoctha.  Tosaíonn an tréimhse 12 sheachtain díreach i ndiaidh na seachtaine deiridh a raibh an leanbh ag freastal ar an tseirbhís. **Mura bhfuil leanbh ag freastal ar sheirbhís laistigh de na tréimhsí ama atá sonraithe thuas, ní ghlacfar leis an leanbh mar "Leanbh Lacáiste" níos mó agus ní bheidh cead aige/aici tairbhe a bhaint as Clár Lacáiste CCSP níos mó agus ba cheart iarratas le haghaidh maoiniú cúraim leanaí a dhéanamh trí NCS.**

### 4.3.3 Aistrithe Lacáiste Cáilithe ó Chlár Lacáiste CCSP chuig ECCE

Sa chás gur fhág leanbh, Lacáiste cáilithe ar an 12 Márta 2020, Clár Lacáiste CCSP chun rollú i gclár ECCE, is féidir leis/léi a stádas Lacáiste do bhliain chláir 2022/2023 a choimeád.

## 4.4 Seirbhísí nach bhfuil Oscailte i Rith Mhíonna an tSamhraidh (Am Neamhthéarma)

Beidh leanaí atá cláraithe i seirbhísí a osclaíonn thar 37 seachtain féilire etc., agus nach bhfuil ag freastal ar sheirbhís i rith am neamhthéarma i gcaitheamh an tsamhraidh, dá réir sin, in ann a stádas Lacáiste a choimeád má chomhlíontar na critéir seo a leanas:

(1) freastalaíonn siad ar a rogha seirbhíse atá cláraithe le TUSLA laistigh de cheithre seachtaine d'oscailt na seirbhíse do bhliain chláir 2022/2023
agus

(2) comhlíonann siad na critéir atá luaite le Lacáiste cáilithe.

# Caibidil 5 Forléargas ar Chlár Lacáiste CCSP

## 5.1 Clár Lacáiste CCSP

Tosaíonn Clár Lacáiste CCSP ar an 15 Lúnasa 2022 agus leanann sé ar aghaidh go dtí an 11 Lúnasa 2023. Bliain an Chláir a thugtar air seo.

Soláthraíonn Clár Lacáiste CCSP tacaíocht do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar ioncam íseal chun tairbhe a bhaint as costais cúraim leanaí laghdaithe ag seirbhísí rannpháirteacha. Tá liosta de na seirbhísí seo ar fáil ón CCC áitiúil ábhartha (www.myccc.ie).

D'fhéadfadh seirbhísí freastal ar áiteanna naíonán, réamhscoile agus iarscoile. D'fhéadfadh go mbeadh club bricfeasta ar fáil freisin. D'fhéadfadh gur seirbhísí neamhspleácha iad seirbhísí áirithe agus nach bhfreastalaíonn siad ach ar chineál seirbhíse amháin e.g. iarscoil.

Íocann DCEDIY cuid de na costais cúraim leanaí le haghaidh leanaí cáilithe (íocaíocht ar a dtugtar íocaíocht fóirdheontais sa doiciméad seo) agus íocann an tuismitheoir/an caomhnóir an chuid eile.

Cinntear cáilitheacht an tuismitheora/an chaomhnóra bunaithe ar a stádas leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) mar atá leagtha amach i **dTábla 1** den doiciméad seo.

'Leanaí Lacáiste' a thugtar ar leanaí cáilithe a bhí cláraithe ar Chlár Lacáiste CCSP ar an 12 Márta 2020 i mbliain chláir 2019/2020 agus a roghnaigh fanacht ag freastal ar Chlár Lacáiste CCSP agus a bhí ag freastal air agus a choimeád clárú faoi Chlár Lacáiste CCSP 2021/2022, agus nár fhág Clár Lacáiste CCSP chun clárú le haghaidh NCS.

Measfar tuismitheoirí/caomhnóirí atá cláraithe le haghaidh Lacáiste le haghaidh cáilitheachta nuair atá siad cláraithe ar *EY HIVE* do bhliain chláir 2022/2023. Féach ar 8.1 má theastaíonn tuilleadh eolais uait.

Cuireann an Soláthraí Faofa iarratas ar Chlár Lacáiste CCSP chuig Riarthóir na Scéime thar ceann an tuismitheora/an riarthóra. Tá fóirdheontas Chlár Lacáiste CCSP ar fáil le haghaidh tréimhse/téarma bliana, i.e. uasmhéid 52 seachtain den bhliain ó chuirtear tús le Clár Lacáiste CCSP.

Ní féidir aon chlárú nua a dhéanamh faoi Chlár Lacáiste CCSP le haghaidh leanaí nach raibh cláraithe ar an 12 Márta 2020.

## 5.2 Ag freastal ar níos mó ná seirbhís amháin

Is féidir áiteanna ar Chlár Lacáiste CCSP a roinnt idir seirbhísí sa chás nach sáraíonn an tinreamh iomlán áit Coibhéisí Lánaimseartha (FTE) i.e. cúig lá lánaimseartha.

## 5.3 Cineálacha Áiteanna faoi Chlár Lacáiste CCSP

Ní mór do sheirbhísí áiteanna cúraim leanaí a thairiscint ó cheann amháin nó níos mó de na cineálacha seisiúin seo a leanas. Tá ráta íocaíochta difriúil luaite le gach cineál socrúcháin.

- Áiteanna cúraim lae iomlán (níos mó ná 5 uair an chloig sa lá)
- Áiteanna páirtaimseartha (idir 3 uair 31 nóiméad agus 5 uair sa lá)
- Áiteanna seisiúnacha (idir 2 uair 16 nóiméad agus 3 uair 30 nóiméad sa lá)
- Áiteanna leathsheisiúin (idir 1 uair agus 2 uair 15 nóiméad sa lá)

## 5.4 AIM

Is samhail leanbhláraithe é AIM, a bhfuil seacht leibhéal tacaíochta forchéimnitheacha i gceist inti, idir leibhéil uilíocha agus spriocdhírithe, atá bunaithe ar riachtanais an linbh agus na seirbhíse réamhscoile. Áirítear sa tsamhail tacaíochtaí saincheaptha, praiticiúla atá bunaithe ar riachtanas agus níl gá le diagnóis fhoirmiúil míchumais.

Ionas go mbeidh leanbh atá cláraithe ar Chlár Lacáiste CCSP in ann tacaíochtaí AIM a rochtain, ní mór go mbeadh aois cháilithe ECCE slánaithe aige/aici.  Tá tuilleadh eolais maidir le cáilitheacht aoise ECCE le fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne: www.gov.ie/DCEDIY .

Tá tuilleadh faisnéise mionsonraithe maidir le AIM le fáil ar leathanaigh ghréasáin speisialta AIM 'Do Thuismitheoirí',  'Do Sholáthraithe Faofa', 'Nuacht', agus 'Ceisteanna Coitianta' agus 'Príomhdhoiciméid agus Acmhainní'  ar www.aim.gov.ie.

Beidh do CCC áitiúil (www.myccc.ie) in ann tuilleadh faisnéise agus treorach a sholáthar freisin.

## 5.5 Dúnadh Seirbhíse

Má dhúnann soláthraí cúraim leanaí a sheirbhís, ní mór dó fógra i scríbhinn a thabhairt dá CCC áitiúil agus ríomhphost a sheoladh chuig eypc@pobal.ie.  Nuair a dhúntar seirbhís ní mór don tseirbhís dáta críochnaithe a lua le gach clárú reatha ag an dáta dúnta.

I gcásanna ina ndúnann seirbhís, coimeádfaidh na Leanaí Lacáiste atá ag freastal a stádas Lacáiste ar an gcoinníoll go bhfuil siad ag freastal ar Sholáthraí Faofa eile laistigh den 12 sheachtain i ndiaidh an dáta críochnaithe atá luaite le clárú an Linbh Lacáiste ar *EY HIVE*. (glactar le 12 sheachtain mar sheachtainí neamh-iníoctha).

# Caibidil 6 Cáilitheacht do Chlár Lacáiste CCSP

## 6.1 Cáilitheacht

Ní mór go mbeadh leanbh faoi 15 bhliain d'aois chun a bheith cáilithe do Chlár Lacáiste CCSP. Tá fóirdheontas Chlár Lacáiste CCSP ar fáil le haghaidh suas le 52 seachtain den bhliain chláir do Leanaí Lacáiste cáilithe faoi réir na gcoinníollacha i gCaibidil 4 thuas. Tá tábla na Rátaí Banda agus Fóirdheontais do Chlár Lacáiste CCSP le fáil i dTábla 1 sa doiciméad seo.

## 6.2 Faisnéis riachtanach

Cinntear cáilitheacht an tuismitheora/an chaomhnóra is iarrthóir bunaithe ar a stádas leis an Roinn Coimirce Sóisialaí (DSP) laistigh de cheithre seachtaine roimh dháta tosaigh an linbh ar Chlár Lacáiste CCSP.

Braitheann leibhéal an fhóirdheontais go príomha ar stádas DSP an tuismitheora agus ar an leibhéal cúraim leanaí atá riachtanach. Tá na critéir cháilitheachta agus na roghanna cúraim leanaí agus fóirdheontais leagtha amach i dTábla 1 thíos. Níl an liosta seo uileghabhálach.

I gcás sealbhóirí cárta leighis, déanfar seiceáil fíoraithe trí bhunachar sonraí FSS roimh dháta tosaigh an linbh ar an gClár. **Tabhair faoi deara, tá an tseiceáil bunaithe ar Uimhir PPSN agus ar Uimhir Aitheantais an Scéime ar an gcárta atá bailí i rith na tréimhse 4 seachtaine seo. Sa chás nach n-aimsítear an fhaisnéis ar an gcárta leighis d'fhéadfaí tuilleadh sonraí a lorg uait.** B'fhéidir go mbeadh dochtúir teaghlaigh an teaghlaigh in ann an fhaisnéis a theastaíonn a sholáthar sa chás seo. Tá foirm Fíoraithe Cárta Leighis le fáil ar *EY HIVE*.

Ar mhaithe le cáilitheacht a dheimhniú, ní mór Uimhreacha Pearsanta Seirbhíse Poiblí (PPSNanna) an tuismitheora/an chaomhnóra a sholáthar mar aon le dáta breithe an linbh nuair atá an Fhoirm Réamhchlárúcháin do Chlár Lacáiste CCSP á comhlánú. Déanann DSP PPSN an tuismitheora/an chaomhnóra a athbhreithniú agus déanann FSS PPSNanna an tuismitheora/an chaomhnóra/an linbh a mheas chun cáilitheacht don fhóirdheontas a chinneadh agus a fhíorú.

**<u>Ní mór doiciméid ina bhfuil eolas maidir leis an PPSN agus aon fhaisnéis phearsanta eile a scriosadh nuair nach dteastaíonn a leithéid níos mó.</u>**

| Tábla 1 Cáilitheacht Banda Chlár Lacáiste CCSP | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Leibhéal na Seirbhíse** | **Banda A (le cárta leighis)** | **Banda AJ (le cárta leighis)** | **Banda B** | **Banda D** |
| | ▪ Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora<br>▪ Pinsean Baintrí/Baintrí Fir Cúnamh Feirmeoireachta/Cúnamh Iascaireachta<br>▪ Pinsean Stáit (Ranníocach/Neamhranníocach)<br>▪ Pinsean na nDall<br>▪ Íocaíocht Caomhnóra (Ranníocach/Neamhranníocach)<br>▪ Sochar Breoiteachta/Díobhála<br>▪ Liúntas Míchumais<br>▪ Sochar/Liúntas Cúramóra<br>▪ Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar an Obair/Oideachas<br>▪ Scéim Fostaíochta Pobail/Shóisialta Tuaithe<br>▪ Liúntas Cúraim Baile<br>▪ Íocaíocht Teaghlaigh i bhFostaíocht (FIS roimhe seo)<br>▪ Mic léinn mheánscoile<br>▪ Pinsean Easláine<br>▪ Pinsean Míthreorach<br>▪ TÚS<br>▪ Scéim Dreasachta Poist Pháirtaimseartha *Gateway*<br>▪ *Gateway*<br>▪ Sochar Páirtchumais | ▪ Sochar/ Liúntas Cuardaitheora Poist*<br>▪ Liúntas Leasa Forlíontach*<br>▪ Íocaíocht Idirthréimhseach Cuardaitheora Poist<br>▪ *JobPath*<br>▪ Liúntas Fiontraíochta Gearrthéarmach | ▪ Cárta Leighis<br>▪ Tuismitheoirí/Caomhnóirí a bhfuil íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh á bhfáil acu atá liostaithe faoi Bhanda A/AJ ach nach bhfuil cárta leighis acu | ▪ Cárta Cuairt Dochtúra*** (6 bhliain+ amháin)<br>▪ Tuismitheoirí/Caomhnóirí nach bhfuil cáilithe níos mó do Bhanda A/AJ i mbliana ach a bhí fíoraithe ag Banda A/AJ ag deireadh na scoilbhliana roimhe |
| **Íocaíocht do lá iomlán (5 uair an chloig +)** | €145 | €80 | €70 | €50 |
| **Íocaíocht pháirtaimseartha (03:31 – 05:00)** | €80 | €80 | €35 | €25 |
| **Íocaíocht sheisiúnach (02:16 – 03:30)** | €45 | €45 | €25 | €17 |
| **Íocaíocht leathsheisiúin (01:00 – 02:15)** | €22.50 | €22.50 | €12.50 | €8.50 |

Nóta maidir le Tábla 1

*Liúntas/sochar cuardaitheora poist:
Tá tuismitheoirí/caomhnóirí a cháilíonn do Bhanda AJ (le cárta leighis) cáilithe le haghaidh cúraim leanaí fóirdheonaithe suas go dtí fóirdheontas uasta luach €80 do chúram don lá iomlán gach seachtain. (Don chéad agus dara lá, tá an fóirdheontas bunaithe ar an ráta laethúil céanna le Banda A). Tá an chaidhp seo i bhfeidhm sa chás go bhfreastalaíonn leanbh ar 3 lá iomlána - 5 lá iomlána in aghaidh na seachtaine.

Tá tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil Sochar/Liúntas Cuardaitheora Poist (JB/JA) á bhfáil acu agus **nach** bhfuil cárta leighis acu cáilithe le haghaidh cúraim leanaí fóirdheonaithe faoi Bhanda B.

Is tionscnamh de chuid DSP é '*JobPath*' atá dírithe ar fhaighteoirí JA agus JB.

** Scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh
Féadfaidh tuismitheoirí/caomhnóirí a bhfuil íocaíochtaí bunúsacha á bhfáil acu faoi Scéim an Liúntais Leasa Fhorlíontaigh agus atá ag feitheamh ar chinneadh maidir le héileamh, an banda AJ bronnta a achomharc má éiríonn leis an éileamh.

*** Is do leanaí 6 bhliain+ amháin an cárta cuairte Dochtúra
Níl an cárta Cuairte Dochtúra uilíoch do leanaí faoi 6 bhliain d'aois cáilithe do Chlár Lacáiste CCSP.

**Tabhair faoi deara:** Ní chuirtear aon Bhanda i bhfeidhm go huathoibríoch do thuismitheoirí a bhfuil tairbhe á baint acu as **Sochar Máithreachais**, atá ag glacadh páirte i **gcúrsa *Springboard*** agus/nó atá ag glacadh páirte i Scéim Tacaíochta d'Fhostaíocht Óige (YESS) nó a bhfuil Liúntas Oiliúna BOO/SOLAS á fháil acu. Déanfar cinneadh maidir leis an mbanda cuí bunaithe ar an liúntas a bhí á fháil díreach sular cuireadh tús le cúrsa/clár/oiliúint/sochar. Ní mór don Oifig Intreo áitiúil foirm fíoraithe Chlár Lacáiste CCSP (ar fáil ar *EY HIVE*) a chomhlánú agus a cheangal leis an gclárú ionas gur féidir le Riarthóir na Scéime an fhoirm sin a athbhreithniú.

# Caibidil 7 Clárú Linbh

## 7.1 Leanbh Lacáiste a Chlárú ar Chlár Lacáiste CCSP

Ní mór do Bhainisteoir na Seirbhíse deimhniú agus comhaontú a bhunú le tuismitheoirí/caomhnóirí maidir leis an líon laethanta, an cineál seisiúin agus patrún tinrimh a bhfuil an leanbh á chlárú lena n-aghaidh sula gcláraítear an leanbh do Chlár Lacáiste CCSP ar *EY HIVE*.

Ní mór do thuismitheoirí/do chaomhnóirí Foirm Dhearbhaithe Tuismitheoirí a shíniú chun a léiriú go dtuigeann siad téarmaí an chláir agus go bhfuil sonraí clárúcháin an linbh cruinn.

Le haghaidh bhliain chláir 2022/2023, glacfaidh DCEDIY leis go bhfuil an Fhoirm Dhearbhaithe Tuismitheoirí faighte ag an tuismitheoir/ag an gcaomhnóir ábhartha trí ríomhphoist nó i bhfoirm cóip chrua, cibé acu is oiriúnaí don Soláthróir Faofa agus tuismitheoir/caomhnóir. Ba cheart an rogha a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ríomhphost a úsáid, áfach. Ba cheart a chur in iúl do thuismitheoirí/do chaomhnóirí ar mian leo tairbhe a bhaint as an rogha ríomhphoist, maidir le cosaint sonraí, nach bhfuil an ríomhphost chomh slán céanna. Ba cheart fiafraigh de thuismitheoirí/de chaomhnóirí an seoladh ríomhphoist atá le húsáid a athdheimhniú agus ba cheart don soláthraí a chinntiú nach n-eisítear ach ríomhphoist shonracha chuig an seoladh cuí don teaghlach cuí. Ní mór do Sholáthraithe Faofa cóip de gach comhaontú a choimeád ar an láthair chun críche comhlíontachta agus ba cheart go mbeidís ar fáil le hiniúchadh.

Ní mór go mbeadh patrún tinrimh iarbhír an linbh á léiriú ar chlárú gach linbh. Sa chás go bhfuil neamhréir idir tinreamh agus clárú, ní mór don soláthraí faofa cúraim leanaí an clárú a leasú ar *EY HIVE*. D'fhéadfadh go mbeadh teip clárú a nuashonrú chun léargas a thabhairt ar an bpatrún tinrimh iarbhír mar bhonn le ró-éileamh a chur faoi bhráid na Roinne. Forchúiteofar ró-éilimh de réir théarmaí Chomhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP. Tá treoracha maidir le Clárú Linbh le fáil ar *EY HIVE*.

## 7.2 Clárú Chlár Lacáiste CCSP

Ní mór don Soláthraí Faofa an leanbh a chlárú ar *EY HIVE* faoina Chomhaontú Maoinithe do Chlár Lacáiste CCSP. Féach ar 'Treoirleabhar 'Conas' Clárú do Chlár Lacáiste CCSP' ar *EY HIVE*. Íocfar fóirdheontas le haghaidh gach linbh cháilithe le héifeacht ó dháta tosaigh an linbh.

# Caibidil 8 Achomhairc

## 8.1 An próiseas chun achomharc a dhéanamh maidir le banda bronnta

Sa chás go bhfuil clárú ceadaithe le haghaidh banda níos ísle ná mar a bhí á lorg, is féidir achomharc a dhéanamh mar chuid de Phróiseas Achomhairc Chlár Lacáiste CCSP.

Nuair a bheidh PPSNanna agus critéir cháilitheachta fíoraithe ag DSP agus/nó FSS, bronnann Riarthóir na Scéime bandaí Chlár Lacáiste CCSP agus seoltar fógra maidir leis na Bandaí atá bronnta chuig na seirbhísí.

**Tabhair faoi deara go dteastaíonn cárta leighis do Bhanda A agus Banda AJ**. Mura bhfuil aon fhianaise maidir le cárta leighis bhailí curtha ar fáil a chlúdaíonn aon chuid de thréimhse cháilitheachta an tuismitheora/an chaomhnóra is iarrthóir, ní bheidh an t-iarrthóir in ann tairbhe a bhaint as Banda A/AJ. Ní chuirfear maoiniú ar fáil do sheirbhísí ach don bhanda a faomhadh don iarrthóir sin.

Tá an ceart ag tuismitheoirí/caomhnóirí a ráta banda a achomharc má chreideann siad gur tharla earráid nó má tá an fhaisnéis atá faighte ó DSP/FSS mícheart.

Déanfaidh Soláthraithe Faofa achomhairc trí iarratas seirbhíse ar *EY HIVE*.
Ionas go n-éireoidh le hachomharc ní mór a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis cheart ar fáil. **NÍ MÓR** dáta a lua le gach fianaise ar cháilitheacht.

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait féach ar na doiciméid thacaíochta/treoirlínte achomhairc a bhaineann le Clár Lacáiste CCSP Riarthóir na Scéime, atá le fáil ar *EY HIVE* .

# Caibidil 9 Tinreamh

## 9.1 Neamhthinreamh

Mura bhfuil leanbh ag freastal ar an tseirbhís, ba cheart don Soláthraí Faofa teagmháil a dhéanamh leis an tuismitheoir/leis an gcaomhnóir chun eolas a fháil maidir le cúis neamhthinrimh an linbh laistigh den chéad seachtain ina dtugtar an neamhthinreamh faoi deara. Sa chás nár fhreastail leanbh ar an tseirbhís le haghaidh 4 seachtaine i ndiaidh a chéile gan imthosca speisialta cáilitheacha a lua mar atá sonraithe ag 9.2 thíos, ní mór don Soláthraí Faofa an fágálaí a iontráil ar *EY HIVE* agus an dáta deiridh ar fhreastail an leanbh ar an tseirbhís a shonrú a chiallóidh go gcaillfidh an leanbh a Stádas Lacáiste.

## 9.2 Imthosca Speisialta

In imthosca speisialta áirithe, féadfaidh seirbhís iarratas a chur chuig Riarthóir na Scéime chun an clárú a choimeád níos faide ná 4 seachtaine, go dtí 6/12 seachtaine. (Féach ar Thábla 2 áit a bhfuil eolas maidir le cásanna a cháilíonn le haghaidh 'imthosca speisialta'). Féadfaidh Riarthóir na Scéime cruthúnas tacaíochta ar imthosca speisialta a lorg. D'fhéadfaí go n-áireofaí i measc cruthúnas inghlactha litir nó teastas dochtúra ar féidir leis an soláthraí í/é a uaslódáil chuig an gcóras (mar a chuirtear ar fáil agus le comhaontú an tuismitheora).

**Más féidir ba cheart do sholáthraithe iarratas le haghaidh imthosca speisialta a chur faoi bhráid Riarthóir na Scéime roimh dheireadh an 4ú seachtaine de neamhthinreamh.**

## Tábla 2 Imthosca Speisialta Cáilitheacha

| Imthosca Cáilitheacha | Neamhláithreacht Uasta a bhfuil Fóirdheontas íoctha lena haghaidh |
|---|---|
| Méala neasteaghlaigh | 6 seachtaine |
| Taisteal ar feadh tréimhse fhada, uair sa bhliain, chuig áit bhreithe an linbh nó áit bhreithe ceachtar de thuismitheoirí an linbh | 6 seachtaine |
| Tinneas fada (níos mó ná ceithre seachtaine) a bheith á fhulaingt ag an leanbh, tuismitheoir nó siblín | 12 seachtaine |

Sa chás go ndéantar iarratas ar imthosca speisialta agus nach bhfuil imthosca speisialta i gceist, ní mór don soláthraí dáta deiridh a lua leis an gclárú agus cuirfear stop leis an íocaíocht ag an dáta deiridh sin (ní cheadaítear dáta atá níos déanaí ná deireadh na tréimhse ceithre seachtaine de neamhláithreacht leanúnach), agus caillfidh an leanbh a Stádas Lacáiste dá bharr.

Sa chás nach mbíonn aon litir curtha ar fáil ag deireadh na sé seachtaine de neamhláithreacht leanúnach agus, sa chás nár fhill an leanbh ar an tseirbhís le linn an ama sin, ní mór don soláthraí

dáta deiridh a lua leis an gclárú, an ceathrú seachtain, agus cuirfear stop leis an íocaíocht ón dáta deiridh sin.

Sa chás go gcuirtear litir ar fáil i ndiaidh 4 seachtaine ach nach déanaí ná 6 seachtaine ón neamhláithreacht bhunaidh agus go bhfuil dáta deiridh luaite leis an gclárú, féadfar an clárú a athbhunú mar aon le Stádas Lacáiste an linbh.

## 9.3 Laghdú ar thinreamh

Sa chás go bhfuil difríocht idir tinreamh agus clárú, agus go bhfuil patrún comhsheasmhach le tabhairt faoi deara thar thréimhse 4 seachtaine, ní mór clárú a nuashonrú chun léargas a thabhairt ar an líon laethanta iarbhír a bhfreastalaíonn an leanbh ar an tseirbhís.

Sa chás go gcuirtear fógra chuig seirbhís go bhfuil leanbh atá cláraithe ar Chlár Lacáiste CCSP chun a leibhéal tinrimh a laghdú e.g. ó 4 lá iomlána sa tseachtain go dtí 2 dhá lá iomlána sa tseachtain nó ó lánaimseartha go páirtaimseartha, socróidh an tseirbhís dáta críochnaithe ar an gclárú reatha agus athchlárófar an leanbh leis an leibhéal tinrimh nua.

D'fhéadfadh go mbeadh teip clárú a nuashonrú chun léargas a thabhairt ar an bpatrún tinrimh iarbhír mar bhonn le ró-éileamh a chur faoi bhráid na Roinne. Forchúiteofar ró-éilimh de réir théarmaí Chomhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP.

## 9.4 Tearcthinreamh leanúnach

Sa chás go raibh an tinreamh níos lú ná na huaireanta cláraithe i ngach ceann den 4 seachtaine roimhe sin, féadfaidh seirbhís iarratas a chur chuig Riarthóir na Scéime chun an clárú a choimeád le haghaidh níos mó ná 4 seachtaine, le haghaidh suas go 12 seachtaine. Tá na hiarratais seo teoranta do thinneas fadtéarmach i.e. tá an leanbh, an tuismitheoir/an caomhnóir nó siblín ag freastal ar choinní leighis nó teiripeacha rialta.

**Más féidir, ba cheart do Sholáthraithe Faofa fógra a chur chuig Riarthóir na Scéime roimh neamhláithreacht leanúnach amach anseo sa chás go gcreideann siad go mbeidh imthosca speisialta i bhfeidhm.**

## 9.5 Seirbhís a fhágáil

Má fhágann leanbh an tseirbhís, ní mór do sholáthraí faofa Riarthóir na Scéime a chur ar an eolas láithreach agus an dáta deiridh ar fhreastail an leanbh ar an tseirbhís a shonrú. Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí fógra 4 seachtaine a thabhairt má tá seirbhís á fágáil (seachas laethanta saoire/seachtainí dúnta). Ceadóidh sé seo do na Soláthraithe Faofa *EY HIVE* a nuashonrú agus cuirfear stop le híocaíocht ar an dáta fágála iarbhír. Sa chás nach dtugtar aon fhógra maidir le fágáil do Sholáthraí Faofa, féadfaidh an Soláthraí Faofa fóirdheontas 4 seachtaine a éileamh in ionad fógra.

Ainneoin go bhfuil cead ag tuismitheoirí/caomhnóirí a leanbh a thógáil amach as seirbhís ag am ar bith, ní cheadófar dóibh tairbhe a bhaint as tuilleadh maoinithe cúraim leanaí fad is atá an maoiniú faofa tiomanta don tseirbhís i rith na tréimhse fógra 4 seachtaine seo.

## 9.6 Eisceacht i ndáil leis an Riail a bhaineann le Fógra 4 Seachtaine

Is féidir le tuismitheoir/caomhnóir a leanbh a thógáil amach as seirbhís agus é/í a athchlárú i seirbhís nua gan an tréimhse fógra 4 seachtaine a chomhlíonadh sa chás gur thug Tusla fógra don tseirbhís go bhfuil an tseirbhís sin le baint de chlár Tusla. Dá réir sin, tá suas go dtí deireadh tréimhse leanúnach 12 sheachtaine ag an Leanbh Lacáiste chun glacadh le háit cúraim leanaí ar Chlár Lacáiste CCSP i seirbhís chláraithe chun a stádas Lacáiste a choimeád (féach Caibidil 4: 4.3: Stádas Lacáiste CCSP a Choimeád).

# Caibidil 10 Coimeád Taifead

## 10.1 Oibleagáid Soláthraí Faofa

Ní mór do Sholáthraithe Faofa taifead beacht a choimeád de **thinreamh iarbhír** gach linbh lena n-áirítear amanna laethúla teachta agus fágála gach linbh. Ní mór go mbeadh clárú seirbhísí ag teacht leis an tinreamh iarbhír (tinreamh iarbhír linbh seachas amanna oscailte seisiúin/seirbhíse) mar atá taifeadta sna taifid tinrimh. Tá cóip de thaifid tinrimh dea-chleachtais le fáil ar leathanach 31 den doiciméad seo.

## 10.2 Ceanglas Taifid Tinrimh a Choimeád

Ní mór don Soláthraí Faofa taifid tinrimh leanaí cláraithe a choimeád, ar a dtaifeadtar uaireanta tinrimh laethúla, ar a dtaispeántar ainm iomlán an linbh, dáta tinrimh, am teachta agus fágála an linbh agus ainm an duine atá freagrach (fostaí, oibrí deonach nó duine atá i mbun taithí oibre) as teacht agus fágáil leanaí a thaifeadadh. Ní mór go léireofaí ar an taifead tinrimh le haghaidh gach seomra an líon leanaí atá sa seomra, agus ní mór an taifead a nuashonrú nuair a fhágann leanbh an seomra nó nuair a thagann leanbh isteach sa seomra.

Ní mór don Soláthraí Faofa am teachta agus fágála gach linbh a thaifeadadh i bhfíor-am. Ní mór taifid tinrimh a choimeád ar bhealach atá oiriúnach chun tréimhse tinrimh iarbhír gach linbh atá ainmnithe a bhunú, i dtéarmaí uaireanta. Ní mór ainm an linbh a thaifeadadh ar bhealach comhsheasmhach chun sainaithint patrún tinrimh a éascú (i.e. má tá na taifid tinrimh á dtaifeadadh ar bhileoga seachtainiúla, ba cheart ainm an linbh a thaifeadadh san ord céanna). Moltar úsáid a bhaint as formáidí tinrimh seachtainiúla (seachas formáidí laethúla) de bhrí go gcabhraíonn siad le patrúin tinrimh a bhunú. Ina theannta sin, ní mór aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas:

1. Ba cheart taifid tinrimh / rollaí ar leith a choimeád do gach seisiún / seomra.
2. Sa chás go bhfuil taifid fhoinseacha in úsáid chun tinreamh a thras-scríobh chuig taifead tánaisteach, ní mór na taifid fhoinseacha a choimeád agus a chur ar fáil chun críche athbhreithnithe.
3. Má bhogann leanbh chuig seomra eile i rith an lae, ba cheart go mbeadh sé sin sonraithe sna taifid tinrimh.
4. Sonraigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid *EY HIVE*).
5. Coinnigh ainmneacha na leanaí i seicheamh comhsheasmhach i rith an timthrialla. Coimeád taifid maidir le leanaí a d'fhág an tseirbhís i.e. ná scrios nó ná forscríobh.
6. Ní mór gach neamhláithreacht a thaifeadadh.
7. Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh / rollaí á gcomhlánú ag ball foirne atá ag obair sa seomra.
8. Coinnigh leabhar sínithe isteach agus amach tuismitheoirí ar leithligh agus coinnigh Taifid tinrimh / rollaí ar leithligh.
9. Iontráil am teachta agus fágála gach linbh laistigh den tseirbhís lena n-áirítear clubanna Iarscoile agus Bricfeasta. **<u>Ná húsáid ticeanna.</u>**

10. Sa chás go mbailítear leanbh ó shuíomh agus go dtugtar an leanbh sin chomh fada leis an tseirbhís, ní mór é sin a thaifeadadh mar chuid den tinreamh.
11. Sa chás go bhfuil taifid pháipéir á gcoimeád, ba cheart tinreamh fíor-ama gach linbh a choimeád i bhformáid sheachtainiúil, mar a léirítear i bhfigiúr 32 thíos, mar shampla.
12. Sa chás go bhfuil taifid leictreonacha á gcoimeád, ní mór don tseirbhís an tinreamh a thaifeadadh i bhfíor-am agus a bheith in ann tuarascálacha seachtainiúla/míosúla a sholáthar le haghaidh leanaí aonair a léiríonn a leibhéal tinrimh don timthriall sin go dáta. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeadh tuarascálacha sonracha ar fáil do sheomraí agus do sheisiúin nuair atá siad á gcoimeád i bhfoirm pháipéir.

Athbhreithneofar taifid tinrimh i rith cuairteanna comhlíontachta. Féach ar an 'Treoir Dea-Chleachtais - Taifid Tinrimh' ar leathanach 30 den doiciméad seo.

## 10.3 Teip Taifid Tinrimh Oiriúnacha a Choimeád

**D'fhéadfadh go mbeadh teip taifid tinrimh a choimeád mar bhonn le glacadh leis go bhfuil an líon uaireanta tinrimh cothrom le náid.**

Féadfaidh DCEDIY aon íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó aisíocaíocht airgead ró-éilithe atá íoctha cheana féin don tréimhse i gceist a éileamh.

D'fhéadfadh go mbeadh teip taifid tinrimh oiriúnacha a choimeád (e.g. sa chás go bhfuil taifid tinrimh á gcoimeád, ach i bhformáid nach gceadaíonn d'oifigeach cuairte comhlíontachta cinneadh a dhéanamh maidir le huaireanta tinrimh linbh, cosúil le trí úsáid a bhaint as "ticeanna") mar bhonn le glacadh leis go bhfuil an tinreamh cothrom leis an líon íosta uaireanta an chloig (i.e. seirbhís sheisiúnach/leathsheisiúnach). Is féidir le DCEDIY aon íocaíochtaí amach anseo a aistarraingt ón soláthraí agus/nó aisíocaíocht airgead ró-éilithe atá íoctha cheana féin don tréimhse i gceist a éileamh.

D'fhéadfadh go mbeadh teip taifid a choimeád san fhormáid riachtanach mar bhonn le cinneadh a dhéanamh go bhfuil neamhchomhlíonadh i gceist. D'fhéadfaí Maoiniú Chlár Lacáiste CCSP agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó an Comhaontú Maoinithe seo a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de na Rialacha agus/nó téarmaí a bhaineann le Comhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP.

# Treoir Dea-Chleachtais - Taifid Tinrimh

Is ceanglas é taifid tinrimh maithe a choimeád chun Rialacha DCEDIY do Chlár Lacáiste CCSP agus Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta), 2016.agus Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Clárú Seirbhísí ar Aois Scoile), 2018. a chomhlíonadh. Is féidir taifid tinrimh a choimeád i bhformáidí éagsúla e.g. leabhair rolla, formáidí bileoga seachtainiúla nó formáidí leictreonacha. Níor mhol Riarthóir na Scéime/DCEDIY aon fhormáid shonrach a úsáid ach ar mhaithe le dea-chleachtas, tá roinnt nod tiomsaithe againn maidir conas is féidir tinreamh a thaifeadadh go comhsheasmhach chun ceanglais Chlár Maoinithe DCEDIY a chomhlíonadh.

## Ón Tús

- Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh/leabhair rolla ar fáil do gach seisiún/seomra lena n-áirítear Clubanna Bricfeasta.
- Sonraigh ainm iomlán an Linbh (de réir thaifid *EY HIVE*) - Ná bain úsáid as leasainmneacha.
- Coinnigh ainmneacha leanaí i seicheamh comhsheasmhach i rith an timthrialla (éascaíonn sé rianú tinrimh). Má thosaíonn leanbh nua ag freastal ar an tseirbhís, cuir ainm an linbh sin ag bun an liosta.
- Úsáid peann gránbhiorach seachas peann luaidhe.
- Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh/ leabhair rolla inrochtana ó thús an timthrialla (lena n-áirítear sa chás go bhfuil tréimhse chláraithe an linbh imithe in éag).
- Cinntigh go bhfuil taifid tinrimh / rollaí á gcomhlánú ag ball foirne atá ag obair sa seomra.
- Coinnigh Leabhar Sínithe Isteach agus Amach Tuismitheoirí ar leithligh agus coinnigh Taifid tinrimh / leabhair rolla ar leithligh (más gá).
- Ná húsáid bileoga/dialanna laethúla aonair.

## Gach Lá

- Cuir dáta taobh le gach seachtain tinrimh.
- Iontráil am teachta agus fágála gach linbh laistigh den tseirbhís, lena n-áirítear clubanna Iarscoile. (Sa chás go bhfuil seirbhís ag bailiú leanaí ó scoil le haghaidh seirbhís iarscoile, taifead an tinreamh ón am a bhfuil an tseirbhís freagrach as na leanaí.) Ná húsáid ticeanna.
- Cinntigh go dtaifeadtar tinreamh na mBall Foirne gach lá i dtaifid/leabhar rolla gach seomra/seisiúin.

## Neamhláithreachtaí/ Fágálaithe/ Leanaí ag Aistriú

- Cinntigh go bhfuil neamhthinreamh á thaifeadadh ar bhealach comhsheasmhach agat e.g. úsáid X chun neamhláithreacht a léiriú i gcónaí.
- Má fhágann leanbh an tseirbhís, fág ainm an linbh ar an leabhar rolla agus cur líne tríd na laethanta fágtha de thimthriall an chláir ionas gur léir gur fágálaí é an leanbh.
- Má aistríonn leanbh ó sheisiún/seomra laistigh den tseirbhís i rith an timthrialla – iontráil nóta chun é seo a léiriú sna taifid tinrimh/leabhair rolla.
- Má roinneann leanbh a s(h)eachtain/lá, ar bhonn leanúnach, idir seisiúin/seomraí difriúla – iontráil nóta chun é seo a léiriú ar thaifid tinrimh/ leabhair rolla.
- Ba cheart Leanbh a thaifeadadh i dtaifead tinrimh le haghaidh gach seomra a fhreastalaíonn sé/sí air má bhíonn sé/sí ag aistriú idir seomraí i rith an lae/na seachtaine.
- Ná húsáid Tippex ar an mbileog tinrimh/leabhar rolla - cinntigh go bhfuil an fhaisnéis fós le feiceáil fiú mura bhfuil leanbh ag freastal ar an tseirbhís níos mó.
- Má tá bileoga seachtainiúla in úsáid, coinnigh in ord de réir dáta agus go slán i bhfillteán.
- Cinntigh go bhfuil na taifid comhsheasmhach agus go bhfuil tinreamh an linbh don timthriall iomlán á thaispeáint.

## Taifid Leictreonacha

- Sa chás go bhfuil taifid leictreonacha á gcoimeád, **ní mór** go mbeadh an tseirbhís in ann tuarascálacha seachtainiúla/míosúla le haghaidh leanaí aonair a léiríonn a leibhéal tinrimh don timthriall sin go dáta a sholáthar. Moltar go gcuirfí na tuarascálacha seo i dtoll a chéile go rialta agus cuirtear ar fáil iad chun críche comhlíontachta.

- Cinntigh go bhfuil an pasfhocal ar fáil agus go bhfuil ball foirne in ann an fhaisnéis a aimsiú ón gcóras.

## Cartlann

- Ní mór taifid tinrimh/ leabhair rolla a choimeád de réir mar atá sonraithe i Rialacha DCEDIY do Chlár Lacáiste CCSP i.e. tréimhse íosta de sheacht mbliana ó dháta éagtha Chomhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP 2022/2023.

## TAIFEAD TINRIMH LINBH SHAMPLAIGH

| **Ainm an tSeomra: XY1** | | | **TAIFEAD TINRIMH LINBH SHAMPLAIGH** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm(neacha) na mBall Foirne:** | | | | | | | | | | |
| **Seachtain Ag Críochnú ar an Aoine: __/__/____** | **Dé Luain** | | **Dé Máirt** | | **Dé Céadaoin** | | **Déardaoin** | | **Dé hAoine** | |
| **Ainm an Linbh** | **Am Sroichte** | **Am Fágála** | **Am Sroichte** | **Am Fágála** | **Am Sroichte** | **Am Fágála** | **Am Sroichte** | **Am Fágála** | **Am Sroichte** | **Am Fágála** |
| Leanbh A | 09:03 | 12:00 | 09:00 | 12:01 | 08:59 | 12:00 | 09:00 | 12:02 | 09:01 | 12:05 |
| Leanbh B | 09:00 | 12:00 | Níl sceidealta le bheith i láthair | Níl sceidealta le bheith i láthair | 09:00 | 12:02 | 09:00 | 12:00 | 09:00 | 12:01 |
| Leanbh C | 08:55 | 12:05 | 08:59 | 12:00 | As láthair | As láthair | As láthair | As láthair | 09:00 | 12:05 |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |

## TAIFEAD TINRIMH BAILL FOIRNE SHAMPLAIGH

| Seomra: | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Seachtain dar Críoch: __/__/_____ | Dé Luain | | Dé Máirt | | Dé Céadaoin | | Déardaoin | | Dé hAoine | |
| Ainm an Bhaill Foirne: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: | Am Tosaigh: | Am Críochnaithe: |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |
| | | | | | | | | | | |

# Caibidil 11 Comhlíontacht

## 11.1 Freagracht Soláthraí Faofa

Tá an Soláthraí Faofa freagrach as a chinntiú go bhfuil Ceanglais a Chomhaontaithe Maoinithe á gcomhlíonadh, a áirítear ina measc cloí leis an doiciméad rialacha seo. Ba cheart do Sholáthraithe Faofa a chinntiú go dtuigeann siad agus go gcloíonn siad le hábhar an doiciméid seo, mar aon leis na Comhaontuithe maoinithe agus treoirleabhair 'Conas' atá ar fáil ar *EY HIVE*. **D'fhéadfaí Maoiniú Chlár Lacáiste CCSP agus/nó Maoiniú DCEDIY a chur ar fionraí nó cuid den mhaoiniú sin a aistarraingt agus/nó an Comhaontú Maoinithe seo a fhoirceannadh mura gcomhlíontar aon cheann de théarmaí an Chomhaontaithe seo.**

## 11.2 An Comhad Comhlíontachta

D'fhonn a chinntiú go bhfuil cuairteanna comhlíontachta chomh héifeachtúil agus is féidir do sholáthraithe agus d'oifigigh chuairte araon, ba cheart do Sholáthraithe Faofa a chinntiú go bhfuil a gcomhad comhlíontachta cothrom le dáta agus go bhfuil na nithe seo a leanas le fáil ann:

- Taifid Tinrimh
- Litreacha Eolais maidir le Táillí Seirbhíse
- Foirmeacha dearbhaithe tuismitheoirí;
- Litreacha ó thuismitheoirí/ó chaomhnóirí;
- Taifid táillí;
- Cáilíochtaí ball foirne agus litreacha cáilíochtaí;
- Dearbhuithe marthanaithe mar is cuí;
- Fianaise ar chlárú le Tusla.

**Ní mór an comhad comhlíontachta a choinneáil ar an láthair agus a chinntiú go bhfuil sé ar fáil lena iniúchadh i gcónaí**.

Ba cheart do sheirbhísí an méid seo a leanas a chinntiú freisin:

- Tá sonraí cláraithe ceart,
- Tá liosta táillí agus féilire, le haghaidh gach clár maoinithe faofa, ar taispeáint go soiléir do thuismitheoirí agus,
- **Tá ball foirne ar an láthair i gcónaí a bhfuil rochtain aige/aici ar an gcomhad comhlíontachta agus ar féidir leis/léi an chuairt a éascú. Mura ndéantar amhlaidh d'fhéadfaí a chinneadh go bhfuil seirbhís neamhchomhlíontach.**

Tabhair faoi deara, má tá na taifid ar fáil lena n-athbhreithniú, go mbeidh aon chur isteach ar an tseirbhís ag íosleibhéal, seachas go mb'fhéidir go mbeidh sé riachtanach rudaí áirithe a shoiléiriú anois agus arís.

Chun cabhrú le seirbhísí ceanglais Chlár Lacáiste CCSP a chomhlíonadh, soláthraíonn an Roinn agus Riarthóir na Scéime raon cúrsaí oiliúna agus tacaíochtaí. Áirítear ina measc:

- Treoir Chomhlíontachta do Sholáthraithe Faofa
- Tacaíochtaí agus comhairle ó do CCC áitiúil
- An Treoir Dea-Chleachtais maidir le Taifead Tinrimh
- Seicliostaí Comhlíontachta do gach clár

Bíonn an Roinn ag obair go leanúnach chun tuilleadh acmhainní a chur ar fáil chun tacú le soláthraithe.

Moltar go láidir do sholáthraithe úsáid a bhaint as na tacaíochtaí seo, roimh agus i ndiaidh cuairteanna comhlíontachta, d'fhonn a chinntiú go bhfuil rialacha na scéime á gcomhlíonadh acu.

## 11.3 Cuairteanna Comhlíontachta

i. Ní mór do sheirbhísí cuairteanna comhlíontachta a éascú a dhéanfar gan fógra, lena n-áirítear rochtain ar an áitreabh, pearsanra agus taifid ábhartha.

ii. Ní mór go mbeadh na doiciméid ar fad a bhaineann le gnóthaí airgeadais na seirbhíse, cuntais, taifid táillí, cáilíochtaí foirne, *EY HIVE*, liostaí táillí, cláir agus taifid tinrimh ar an láthair an t-am ar fad. Ní mór na taifid seo a choimeád le haghaidh tréimhse seacht mbliana ar a laghad ón uair a dtéann an Comhaontú Maoinithe in éag.

iii. I rith cuairteanna oifigeach cuairte comhlíontachta féadfar cóipeanna d'aon leabhar, taifead nó doiciméad eile a iniúchadh agus a thógáil (lena n-áirítear leabhair, taifid nó doiciméid atá á stóráil i bhfoirm neamh-inléite), nó sleachta astu, a aimsíonn sé/sí i rith an iniúchta.

# Caibidil 12 Force Majeure

## 12.1 Force Majeure agus Maoiniú

Ceadaíonn Force Majeure do pháirtí feidhmiú a (h)oibleagáidí a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh nuair a bhíonn imthosca áirithe nach bhfuil aon smacht acu orthu i gceist. Níl aon oibleagáid ar an Roinn laethanta 'force majeure' a mhaoiniú agus déanann an Roinn amhlaidh trí úsáid a bhaint as a breithiúnas féin.

## 12.2 Clásal Force Majeure

*"Más rud é agus a mhéid a chuirtear bac nó cosc ar cheachtar den dá pháirtí (an "Páirtí dá ndéantar Difear") mar gheall ar imthosca nach féidir leis a rialú go réasúnach, lena n-áirítear ach níl teoranta do, foiche Dé, doineann, tuilte, tintreach, tine, gníomhartha nó neamhghníomhartha tríú páirtithe nach bhfuil an Páirt dá ndéantar Difear freagrach astu ("Force Majeure") ó aon cheann dá oibleagáidí a fheidhmiú faoin gComhaontú seo, saorfar an Páirtí dá ndéantar Difear ó dhliteanas a leithéid sin d'oibleagáidí a fheidhmiú."*

Tag: 11.2 Comhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP 2022/2023

## 12.3 Próiseas Éilimh Force Majeure

Ba cheart do Sholáthraithe Faofa force majeure a éileamh go foirmiúil le Riarthóir na Scéime trí iarratas seirbhíse a dhéanamh tráth nach déanaí ná 5 lá i ndiaidh an teagmhais, fiú amháin má tá an teagmhas fós ar siúl, agus léargas gonta a thabhairt ar an tsaincheist agus an líon laethanta a mheastar a bheidh siad dúnta.

Chun iarratas seirbhíse a dhéanamh ar *EY HIVE* leis an gCineál Cláir "Bainistíocht Cuntas Úsáideora", roghnaigh an chatagóir "Force Majeure" agus ansin roghnaigh an fhochatagóir ábhartha.

- 
- 
- Ní mór iarratas seirbhíse a dhéanamh

Ní mór an fhoirm iarratais a chomhlánú ina hiomláine agus gach faisnéis ábhartha a chur ar fáil, lena n-áirítear aon fhianaise ábhartha a cheangal leis an bhfoirm iarratais.

## 12.5 Íocaíocht Force Majeure

Ní féidir Force Majeure a íoc i dteannta le haon árachas nó cúiteamh faighte ag an soláthraí faofa ó thríú páirtí le haghaidh na críche céanna.

Mura bhfuil seirbhís in ann, ar chúis ar bith, a cuntas *EY HVE* a rochtain chun iarratas a dhéanamh ar Force Majeure, is féidir teagmháil a dhéanamh le foireann EYPC tríd an teileafón agus ceist a chur ar an

bhfoireann Bainistíochta Sonraí thar ceann an tSoláthraí Faofa. Is féidir teagmháil a dhéanamh le EYPC, Luan - Aoine, 9am - 5pm (10am - 5pm ar an gCéadaoin) ag an uimhir 01 511 7222.

# Caibidil 13 Feighlithe Leanaí

## 13.1 Cur Síos ar Fheighlí Leanaí

Soláthraíonn Feighlí Leanaí cúram do leanaí nach bhfuil gaolta leis/léi atá idir aois bhreithe agus 14 bhliain d'aois (lena n-áirítear foghlaim agus cúram na luath-óige agus cúram leanaí ar aois scoile) i suíomh teaghlaigh an fheighlí leanaí.

## 13.2 Feighlithe Leanaí agus Clárú le Tusla

Ní mór d'fheighlithe leanaí a bhfuil conradh acu chun Clár Lacáiste CCSP a sholáthar a bheith cláraithe le Tusla. Chun a bheith cláraithe le Tusla, ní mór d'fheighlí leanaí na ceanglais d'fheighlithe leanaí atá sonraithe in Rialacháin Cúraim Leanaí (Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta)(Leasuithe), 2016 agus Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Clárú Seirbhíse ar Aois Scoile), 2018 a chomhlíonadh.

De réir na rialachán nua má tá aire á tabhairt ag feighlí leanaí do leanaí réamhscoile agus leanaí ar aois scoile, sonraítear i d**Tábla 3** thíos an t-uaslíon leanaí ar féidir leo aire a thabhairt dóibh ag an am céanna.

## Tábla 3 Uaslíon leanaí ar féidir le feighlithe leanaí aire a thabhairt dóibh

| An líon leanaí réamhscoile a bhfuil aire á tabhairt dóibh (0-6 bhliain d'aois) | An t-uasmhéid leanaí ar aois scoile (6 bhliain +) |
|---|---|
| 0 | 12 |
| 1 | 10 |
| 2 | 7 |
| 3 | 5 |
| 4 | 2 |
| 5 | 1 |

Tá tuilleadh eolais maidir le ceanglais rialála feighlithe leanaí le fáil sa Creat Cáilíochta agus Rialála d'Fheighlithe Leanaí (QRF) ar shuíomh gréasáin Tusla.

# Caibidil 14 Ceanglais Airgeadais

## 14.1 Freagracht Soláthraí Faofa

Is ceanglas bunúsach é go ndéantar cuntas mar is cuí ar airgead poiblí agus n-úsáidtear é chun na críche beartaithe.

Coimeádfaidh an Soláthraí Faofa eolas cláraithe leanaí cothrom le dáta ar *EY HIVE*. D'fhéadfadh go mbeadh neamhchomhlíonadh mar bhonn le Comhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP a chur ar fionraí agus/nó a fhoirceannadh.

Ní mór don Soláthraí Faofa taifid chuí a choimeád ionas gur féidir leis an Roinn nó gníomhaire atá ag feidhmiú ar a son a fhíorú (lena n-áirítear Riarthóir na Scéime) go bhfuil téarmaí ginearálta Chomhaontú Maoinithe CCSP á gcomhlíonadh.

Áireofar go háirithe ina leithéid de thaifid;

(1) **Clár tinrimh ar a léirítear go soiléir dátaí, amanna agus tréimhsí tinrimh gach linbh aonair atá sainaitheanta le haghaidh gach lá a bhfuil an leanbh i láthair;**
(2) Comhaontuithe tuismitheoirí ina sonraítear an líon seachtainí cúraim leanaí agus an leibhéal seirbhíse gach seachtain atá comhaontaithe a sholáthar don Leanbh Lacáiste cáilithe le comhaontú ón Soláthraí Faofa an fóirdheontas iomlán a fhritháireamh ag féachaint don táille chomhaontaithe, atá sínithe ag an tuismitheoir (Foirm Dhearbhaithe Tuismitheoirí).
(3) Ba cheart taifid maidir le hioncam agus admhálacha ó thuismitheoirí, a choinneáil cothrom le dáta agus ba cheart go mbeidís ar fáil chun críche fíoraithe.

Mura gcoimeádann an Soláthraí Faofa taifid tinrimh beachta agus/nó sonraí cláraithe leanaí, beachta agus nuashonraithe, mar a cheanglaítear i gComhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP, d'fhéadfaí maoiniú Chlár Lacáiste CCSP a chur ar fionraí láithreach baill agus/nó d'fhéadfadh go mbeadh ceanglas ann airgead ró-éilithe atá íoctha cheana féin a aisíoc agus d'fhéadfaí Comhaontú Maoinithe Chlár Lacáiste CCSP a fhoirceannadh.

Ní mór don Soláthraí Faofa cuntais bhliantúla oiriúnacha a choimeád do gach bliain airgeadais de réir na scálaí ama atá sonraithe ag an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (le haghaidh cuideachtaí teoranta) nó ag na Coimisinéirí Ioncaim (le haghaidh eintiteas neamhchorpraithe). Ní mór cóipeanna de chuntais den chineál sin a chur ar fáil do Riarthóir na Scéime nó don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste nuair a lorgaítear a leithéid. Féadfaidh Riarthóir na Scéime/CAR faisnéis a aimsítear i rith rialachais, iniúchta nó seiceála comhlíontachta a roinnt leis na húdaráis chuí, lena n-áirítear, ach níl teoranta d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, an Rialálaí Carthanas agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim.

Taifeadfaidh an Soláthraí Faofa laistigh dá c(h)untais bhliantúla gach airgead a fhaightear ó Riarthóir na Scéime ar leithligh a bhaineann go díreach nó go hindíreach le hoibriú Chlár Lacáiste CSSP agus cinnteoidh sé/sí go mbeidh taifid airgeadais oiriúnacha á gcoimeád.

Ní mór don Soláthraí Faofa ról reachtúil agus freagrachtaí rialála agus cuntasachta poiblí na Roinne, a gníomhairí agus comhlachtaí reachtúla ábhartha eile a urramú agus comhoibriú go hiomlán leis an Roinn, a gníomhairí agus gach comhlacht reachtúil eile sa chomhthéacs seo i gcónaí.

Cinnteoidh an Soláthraí Faofa go mbeidh gach taifead airgeadais a bhaineann le hairgead faighte maidir le hoibriú Chlár Lacáiste CCSP ar fáil do Riarthóir na Scéime má lorgaítear a leithéid. Ní mór gach taifead airgeadais, lena n-áirítear taifid tinrimh etc., a choimeád le haghaidh tréimhse 6 bliana.

## 14.2 Nósanna Imeachta Díchimithe agus Athshlánaithe

D'fhéadfaí Soláthraithe Faofa a ró-íoc i rith na bliana mar gheall ar aistrithe, tréimhsí dúnta etc. Ag deireadh na bliana (nó nuair a dhúntar seirbhís), má tá seirbhís ró-íoctha, eiseofar fógra leithdháilte athbhreithnithe do Chlár Lacáiste CCSP agus ní mór aon mhaoiniú breise don Chlár Lacáiste CCSP a thabhairt ar ais do Riarthóir na Scéime.

Coimeádann DCEDIY agus/nó Riarthóir na Scéime, (thar ceann DCEDIY), an ceart aon ró-íocaíochtaí déanta ó leithdháiltí clár maoinithe cúraim leanaí amháin a fhorchúiteamh ó airgead atá dlite do chlár eile. Rachaidh Riarthóir na Scéime i mbun idirchaidrimh leis na seirbhísí a raibh tionchar ag díchimiú/athshlánú orthu chun teacht ar chomhaontú maidir le plean aisíocaíochta oiriúnach.

# Caibidil 15 Ceisteanna Coitianta maidir le Clár Lacáiste CCSP

1. **An féidir le leanbh freastal ar Chlár Lacáiste CCSP i níos mó ná seirbhís amháin?**
   Is féidir. Ceadaítear é seo ar an gcoinníoll nach bhfuil níos mó ná cúig lá iomlána i gceist.

2. **Cathain a bheidh bandaí faofa?**
   Tógann sé thart ar idir 15 agus 20 lá oibre ar Riarthóir na Scéime clárú a phróiseáil.

3. **An gá dom fóirdheontas tuismitheora/caomhnóra a thabhairt sula mbíonn an ráta Banda faofa ag DCEDIY?**
   Ní gá. Níor cheart do Sholáthraithe Faofa fóirdheontas a thabhairt go dtí go bhfuil na bandaí faofa. Nuair a bhíonn faomhadh faighte, áfach, ní mór méid iomlán an fhóirdheontais a aisíoc leis an tuismitheoir/leis an gcaomhnóir laistigh de thréimhse ceithre seachtaine.

4. **An féidir liom an fóirdheontas tuismitheora/caomhnóra a thabhairt sula mbíonn ráta banda an fhóirdheontais faofa?**
   Níor cheart do sheirbhís an fóirdheontas a thabhairt do thuismitheoir/do chaomhnóir sula mbíonn an ráta banda faofa. Más mian le seirbhís fóirdheontas dá gcostais cúraim leanaí a thabhairt do thuismitheoirí/do chaomhnóirí sula mbíonn na bandaí faofa ag Riarthóir na Scéime, **is ar a bpriacal féin a dhéanann siad amhlaidh** agus moltar dóibh cruthúnas ar cháilitheacht a lorg ó thuismitheoir/ó chaomhnóir mar athdhearbhú gur dócha go ndéanfar an banda atá iarrtha a fhaomhadh. Ba cheart do Sholáthraithe Faofa a mheabhrú do thuismitheoirí go bhfuil siad fós dlite an méid iomlán a íoc mura ndéantar a ráta banda a fhaomhadh.

5. **Faoi ainm cén tuismitheora/caomhnóra ba cheart clárú do Chlár Lacáiste CCSP ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh an banda cuí á fhaomhadh?**
   Ba cheart do thuismitheoirí/do chaomhnóirí cáilitheacht do Chlár Lacáiste CCSP a bhreithniú nuair atá sé seo á dhéanamh. Déantar seiceálacha cáilitheachta nuair a uaslódáiltear clárú chuig *EY HIVE*. Tabhair faoi deara go mbeidh ainm an tuismitheora/an chaomhnóra atá sonraithe ar an gclárú cosúil le hainm an tuismitheora/an chaomhnóra atá fíoraithe ag Riarthóir na Scéime. D'fhéadfadh an bainisteoir cúraim leanaí cabhrú le cinneadh a dhéanamh maidir leis an tuismitheoir/leis an gcaomhnóir a gheobhaidh an fóirdheontas is airde gach bliain. Nó, is féidir leis an Soláthraí Faofa nó tuismitheoir/caomhnóir teagmháil a dhéanamh lena CCC áitiúil maidir leis seo.

6. **An féidir liom cinneadh atá déanta maidir le clárú cheana féin a achomharc?**
   Is féidir. Is féidir doiciméid cháilitheachta a chur leis an gclárú nuair atá cinneadh déanta maidir le banda, doiciméid a ndéanfaidh Riarthóir na Scéime a athbhreithniú. Tá tuilleadh eolais le fáil i gCaibidil 8.1.

7. **Céard ba cheart a dhéanamh má tá Leanbh Lacáiste as láthair agus mura bhfreastalaíonn sé/sí ar sheirbhís le haghaidh tréimhse ama?**
   Ba cheart déileáil le neamhláithreachtaí de réir an eolais atá sonraithe i gCaibidil 9 den doiciméad seo.

8. **An féidir stádas Lacáiste a bhaint de leanbh?**
   Is féidir. Nuair a dhéanann Soláthraí Faofa iarratas ar chlárú NCS, cailleann an leanbh a t(h)eidlíocht do stádas Lacáiste.

Do bhliain chláir 2022/2023 ní mór go mbeadh Leanbh Lacáiste CCSP ag freastal ar Sheirbhís laistigh de 4 seachtaine i ndiaidh oscailt na Seirbhíse chun a stádas Lacáiste a choimeád. Tá tuilleadh eolais le fáil i gCaibidil 4 den doiciméad seo.

### 9. An féidir leanbh a chlárú do NCS agus do Chlár Lacáiste CCSP don tréimhse chéanna?

Ní féidir. Nuair a dhéantar éileamh do leanbh ar NCS, ba cheart don Soláthraí Faofa dáta críochnaithe a shonrú don chlárú do Chlár Lacáiste CCSP. Nuair a dhéanann Soláthraí Faofa éileamh ar chlárú NCS, níl an leanbh cáilithe do Chlár Lacáiste CCSP níos mó.

### 10. Leanbh ag bogadh ó sheirbhís amháin go seirbhís eile sa chás nach bhfuil maoiniú curtha ar fáil do Chlár Lacáiste CCSP

Sa chás go n-aistríonn leanbh ó sheirbhís amháin go seirbhís eile agus nach gcuirtear maoiniú ar fáil, ní cheadófar don leanbh páirt a ghlacadh i gClár Lacáiste CCSP go dtí go bhfuil an tréimhse fógra ceithre seachtaine caite.

### 11. Tá seoladh/ struchtúr dlí/ úinéireacht mo sheirbhíse ag athrú, céard ba cheart dom a dhéanamh?

Má tá athrú imthosca i ndán do do sheirbhís mar atá liostaithe thuas, ceanglóidh an próiseas go socraíonn tú an stádas cláraithe mar fhágálaí agus go gcuireann tú iarratas fágálaí i gcrích do gach clárú a rinneadh sa tseanseirbhís, agus go n-athchláraíonn tú an leanbh céanna sa tseirbhís nua. Athbhreithneoidh Riarthóir na Scéime gach clárú agus más leanaí lacáiste cáilithe atá i gceist, roghnófar an banda céanna a roghnaíodh don chlárú bunaidh.

### 12. Tá mo sheirbhís á dúnadh agam. An mbeidh na Leanaí Lacáiste cáilithe chun clárú i seirbhís nua?

Beidh. Leanann an stádas Lacáiste an leanbh. Má ghlactar leis go bhfuil clárú bailí Lacáiste luaite le leanbh beidh sé/sí in ann clárú i seirbhís nua laistigh de thréimhse 12 sheachtain faoi réir cáilitheachta. Tá tuilleadh eolais le fáil i gCaibidil 4.

### 13. Tugadh cuairt chomhlíontachta ar mo sheirbhís agus ceanglaítear orm clárú a leasú. Céard ba cheart dom a dhéanamh?

Ní mór duit na leasuithe comhlíontachta a chomhlánú, a luaithe agus is féidir. Má tá aon cheist agat ba cheart duit teagmháil a dhéanamh le do CCC áitiúil.

### 14. An féidir le feighlí leanaí páirt a ghlacadh i gconradh do Chlár Lacáiste CCSP?

Is féidir. Is féidir le feighlí leanaí páirt a ghlacadh i gconradh do Chlár Lacáiste CCSP fad is go bhfuil ceanglais le haghaidh seirbhíse feighlithe leanaí atá sonraithe in Rialacháin Cúraim Leanaí (Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Seirbhísí Luathbhlianta) (Leasuithe), 2016 agus Rialacháin fán Acht um Chúram Leanaí, 1991 (Clárú Seirbhíse ar Aois Scoile), 2018 á gcomhlíonadh aige/aici.

### 15. Cathain a dhéantar íocaíochtaí?

Is féidir sceidil íocaíochta le haghaidh Chlár Maoinithe Cúraim Leanaí a íoslódáil ó leathanach baile *EY HIVE* ag EarlyYearsHive.ncs.gov.ie. Cuirfear clárú nuashonraithe san áireamh in íocaíochtaí fóirdheontas.

### 16. Tá athbhreithniú déanta ag mo CCC áitiúil ar mo liostaí táillí agus fiafraíodh díom iad a leasú. Céard ba cheart dom a dhéanamh?

Seiceálann na CCCanna, thar ceann na Roinne, go bhfuil rialacha an Chláir CCSP á gcomhlíonadh ag gach liosta táillí agus féilire. Ní mór gach leasú a dhéanamh laistigh de thréimhse ceithre seachtaine nó cuirfear scéala chuig Riarthóir na Scéime, agus d'fhéadfaí maoiniú a choimeád go dtí go bhfuil ceanglais uile CCC comhlíonta.

**17. Tá sé beartaithe agam éileamh a chlárú le mo chuideachta árachais agus tá Force Majeure éilithe agam. Céard ba cheart dom a dhéanamh?**

Ní mór do Sheirbhísí a d'éiligh Force Majeure agus ar bhronn a gcuideachta árachais dámhachtain orthu i ndáil leis an teagmhas céanna an méid sin a chur in iúl do Riarthóir na Scéime.